
Iarnród Éireann
Irish Rail

# Tuarascáil Bhliantúil Iarnród Éireann
# Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2021



*Éire á hIompar chuig Saol Inbhuanaithe*

# Buaicphointí na bliana 2021



**17.4m aistear paisinéirí**
in 2021



Stáisiún Bhaile Pheiléid,
**an 145ú stáisiún sa ghréasán**,
ar oscailt




Breis is **30 seoladh díreach**
idir Europort Ros Láir agus an
Eoraip gach uile sheachtain



Ordaíodh 95 **carráiste** ó
Alstom, mar chuid **d'ordú 750
carráiste** don tréimhse deich
mbliana atá romhainn



Straitéis Lastais Iarnróid 2040
**ag díriú ar an ngnó a mhéadú
faoi chúig**



**Cláir "Mná ina gCeannairí"** ag
tacú le mná maidir le dul chun
cinn a dhéanamh ina ngairm



Ros Láir le bheith ina **Mhol
Fuinnimh In-athnuaite
Amach ón gCósta na
hÉireann**



Cistiú faighte chun **feabhas
a chur ar ghréasán
iarnróid agus seirbhísí
comaitéireachta Chorcaí
agus na Gaillimhe**

BUSINESS WORKING RESPONSIBLY

**Creidiúnú Business Working
Responsibly** bainte amach ag
Iarnród Éireann

# Clár na nÁbhar

| | |
|---|---|
| Ráiteas ón gCathaoirleach | 2 |
| Tuarascáil ón bPríomhfheidhmeannach | 4 |
| Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile | 23 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 26 |
| Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha | 35 |
| Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach | 38 |
| Clár Comhardaithe | 39 |
| Ráiteas um Athruithe ar an gCaipiteal Gnáthscaireanna | 40 |
| Ráiteas um Shreabhadh Airgid | 41 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 42 |



# Ráiteas ón gCathaoirleach



"Creidim go mbreathnóimid siar ar 2021 mar an bhliain inar deimhin go rabhamar spreagtha lena chinntiú go mbeidh iompar inbhuanaithe i gcroílár na réiteach náisiúnta iompair."

Ar fud an domhain, cuimhneofar ar 2021 mar an dara bliain as a chéile ina raibh an saol mór i ngleic le COVID-19, agus mar bhliain inar tháinig athraitheacha ar nós *Delta agus Omicron* ar an bhfód, faraor. Creidim, áfach, go mbreathnóimid siar ar 2021 freisin mar bhliain inar deimhin go rabhamar spreagtha lena chinntiú go mbeidh iompar inbhuanaithe i gcroílár na réiteach náisiúnta iompair.

Bhí ár ndúshlán fós á chur ag COVID-19, ar ndóigh, agus bhí ár mbaill foirne ar fud Iarnród Éireann ag feidhmiú ar bhonn raon beart sláinte poiblí chun timpeallacht shábháilte taistil agus oibre a chinntiú. Dúshlán a bhí ann, ach dúshlán a sháraíomar: choinníomar stáisiúin agus traenacha glan, rinneamar líon na bpaisinéirí agus caitheamh clúdach aghaidhe a rialú, rinneamar bainistíocht ar dheacrachtaí ó thaobh slabhraí soláthair, agus d'éascaíomar don chianobair i gcás breis agus 700 ball foirne.

Féadfar a rá go raibh tionchar sonrach ag COVID-19 ar dhúshláin eile a bhí le sárú i rith na bliana, go háirithe ceist na hiompraíochta frithshóisialta. Mar sin féin, mar gheall ar an dlúth-chomhpháirtíocht agus na prótacail a tógadh idir Iarnród Éireann agus an Garda Síochána trí Oibríocht Fanacht, tá an treocht tosaithe ag aisiompú agus tá timpeallacht níos sábháilte á cothú do chustaiméirí agus d'fhostaithe. Déanann an Bord athbhreithniú rialta ar leorgacht an fhreagra uainn ar iompraíocht fhrithshóisialta agus tá straitéis slándála cúig bliana formheasta aige ionas go mbeidh ár seirbhísí níos sábháilte do chách.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil arís leis an Aire Iompair, Eamon Ryan TD, le hoifigigh na Roinne Iompair, agus leis an bPríomhfheidhmeannach Anne Graham agus leis an bhfoireann ceannaireachta san Údarás Náisiúnta Iompair, dream a d'fhéach chuige go raibh tacaíocht airgeadais ar fáil dúinn chun seirbhísí riachtanacha a choinneáil ar bun, in ainneoin an t-éileamh ar sheirbhísí a bheith laghdaithe go mór. Beimid ag obair as lámha a chéile chun an t-éileamh a chothú arís, agus freisin lena chinntiú go bhfreastalóidh ár gcuid seirbhísí ar phatrúin taistil atá athraithe, ar nós na bpatrún atá ag teacht chun cinn de bharr obair hibrideach. Ag féachaint chun cinn dúinn agus aird againn ar an ngá atá le haistriú ó charranna príobháideacha, tá tacaíocht faighte ag Iarnród Éireann ón Roinn Iompair agus ón Údarás Náisiúnta Iompair le haghaidh infheistíocht mhór a dhéanamh sa ghréasán iarnróid.

Cuireadh isteach creat-ordú le haghaidh suas le 750 carráiste leictreach nó cadhnra-leictreach don fhlít DART+ i mí na Nollag, agus creidim go n-aithneofar é sin mar bheart lena mbainfear athrú ó bhonn amach i ndáiríre, ní hamháin chun gné na hinbhuanaitheachta a fheabhsú, ach chun feabhas a chur ar eispéireas na gcustaiméirí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus níos faide i gcéin. Tá dul chun cinn maith déanta anois leis an dearadh agus leis an bpleanáil i gcomhair gach gné bonneagair den Chlár DART+, agus tá sé i gceist iarratas a dhéanamh ar Orduithe Iarnróid i leith DART+ an Iarthair agus DART+ an Iardheiscirt le linn 2022. Ionas gur féidir na tionscadail sin a fhormheas agus a chur chun feidhme go tráthúil,

beidh ar ghníomhaireachtaí pleanála agus cinnteoireachta eile acmhainní a shannadh dóibh. Tá súil againn go gcuirfear na hacmhainní sin ar fáil i bhfianaise a phráinní atá sé earnáil an iompair a dhícharbónú mar chuid dár ngeallatanais maidir leis an athrú aeráide.

Sa Phlean Forbartha Náisiúnta athnuaite agus sa dréacht-Straitéis ón Údarás Náisiúnta Iompair i leith Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, tugtar tacaíocht do thograí uaillmhianacha iarnróid. Gheofar airgead ó Chiste Téarnaimh agus Athléimneachta an Aontais Eorpaigh chun dlús a chur leis an bhforbairt ar Sheirbhísí Iarnróid Comaitéireachta Chorcaí. Éascófar seirbhísí feabhsaithe i gCathair na Gaillimhe trí chláir a chuirfear i bhfeidhm faoin gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbigh ag Stáisiún Cheannt agus in Órán Mór. Sa Phlean Forbartha Náisiúnta leasaithe, tacaítear freisin le hathnuachan an fhlít traenacha Enterprise, agus beifear ag díriú chuige sin ar chistiú ón bhForas um Chláir Speisialta an Aontais Eorpaigh. Tacaítear ann freisin leis na hoibreacha leanúnacha chun feabhas a chur ar an mbonneagar ar an líne idir Corcaigh agus Baile Átha Cliath ionas gur féidir aistir níos tapa a dhéanamh ar an líne sin. Leagtar amach i Straitéis 2027 Iarnród Éireann raon beart lena léiriú conas is féidir leis an iarnród a bheith ina chnámh droma ag ár ngréasán iompair inbhuanaithe.

I Straitéis Lastais Iarnróid 2040, leagtar amach cosán chun an méid lastais iarnróid a iompraítear a mhéadú faoina cúig, agus tá ríméad orainn tacaíocht a bheith againn ó lucht tionsclaíochta agus ón rialtas araon ina leith sin. Beidh gá le tacaíocht bheartais, áfach, go háirithe chun córacha níos inbhuanaithe a spreagadh le haghaidh earraí a bhogadh, má táthar chun an uaillmhian sin a bhaint amach.


D'fhoilsíomar freisin Straitéis Inbhuanaitheachta na cuideachta, ina gcuimsítear tosaíochtaí comhshaoil, sóisialta agus geilleagracha, chun ár spriocanna faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a bhaint amach, agus leagtar amach inti gealltanas a bheith inár soláthraí iompair inbhuanaithe agus, anuas air sin, a bheith inár bhfiontar inbhuanaithe i ngach rud a dhéanaimid. Sa Straitéis atá againn i leith Daoine, leagtar amach mar a dhéanfar ár Seirbhísí do Dhaoine a athrú ó bhonn, mar fhreagra ar riachtanais athraitheacha atá ag custaiméirí agus fostaithe agus mar chuid den athrú cultúir atá ag tarlú.

Ba í an bhliain seo a chuaigh thart an bhliain ina raibh tionchar an Bhreatimeachta le feiceáil i ndáiríre. Ba é a tharla in Europort Ros Láir, a bhfuilimid inár nÚdarás Calafoirt ina leith, gur tháinig leathnú mór ar sheirbhísí díreacha chuig Mór-roinn na hEorpa agus uaithi agus gur cuireadh le seasamh an chalafoirt mar phríomhchalafort RoPax na hÉireann i ndáil le seirbhísí chuig an Eoraip.

Beifear ag leanúint ar aghaidh go tréan in 2022 leis an obair chun an máistirphlean forbartha atá againn a chur i bhfeidhm, agus leis an bhforbairt atá á déanamh ag Oifig na nOibreacha Poiblí ar na saoráidí buana i ndáil le Rialú Teorann. Tá uaillmhian leagtha amach againn freisin go mbeidh Europort Ros Láir ag feidhmiú mar mhol don tionscal Fuinnimh Gaoithe Amach ón gCósta sa Mhuir Cheilteach agus i Muir Éireann. Is deis straitéiseach é sin a bhfuil tábhacht ollmhór ag baint leis don Oirdheisceart, agus léiríonn an tacaíocht ina leith sin ó lucht tionsclaíochta, earnáil an oideachais, rialtais áitiúla agus go deimhin ár gcomhghleacaithe i gCalafort Phort Láirge go bhfuil deis ollmhór le tapú againn.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mBord, leis an lucht bainistíochta, agus leis an bhfoireann go léir in Iarnród Éireann as a dtiomantas leanúnach do shábháilteacht agus cáilíocht seirbhíse dár gcustaiméirí agus do na pobail ar a bhfreastalaímid.

Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a ghabháil go háirithe le Mal McGreevy, Carolyn Griffiths agus Denise Guinan, comhaltaí boird a ndeachaigh a dtéarmaí ar an mbord in éag i mbliana, as a dtacaíocht agus as an léargas a thug siad dúinn agus iad ar an mBord.



**Frank Allen**
*Cathaoirleach*



# Tuarascáil ón bPríomhfheidhmeannach



"Maidir lena bhfuil i ndán don ghréasán agus do chomhshaol agus geilleagar na tíre, ní féidir an iomarca béime a leagan ar an tábhacht a bhaineann leis an ordú i gcomhair an fhlít DART+ agus le forbairt leanúnach an bhonneagair."

Cé go ndeachaigh COVID-19 i bhfeidhm ar gach gné dár n-oibríochtaí ar feadh 2021, bhíomar in ann leanúint ar aghaidh ag tabhairt tosaíochta d'fhorbairt agus d'fhairsingiú an ghréasáin, i gcomhréir leis an bPlean Forbartha Náisiúnta nua agus le Tionscadal Éireann 2040.

I measc na mórfhorbairtí a rachaidh chun sochair don ghréasán náisiúnta agus do na cathracha réigiúnacha, in 2021 shínigh Iarnród Éireann (IÉ) an conradh i ndáil leis an ordú is mó agus is inbhuanaithe riamh uaidh i gcomhair suas le 750 carráiste a sheachadfar sa tréimhse deich mbliana atá romhainn. Beidh an flít carráistí sin, agus na forbairtí bonneagair a ghabhann leis faoi DART+, i gcroílár ghréasán iompair inbhuanaithe na hÉireann. Maidir lena bhfuil i ndán don ghréasán agus do chomhshaol agus geilleagar na tíre, ní féidir an iomarca béime a leagan ar an tábhacht a bhaineann leis an ordú sin agus le forbairt leanúnach DART+.

## COVID-19

Lean an phaindéim ar aghaidh ar feadh 2021 agus cé gur cuireadh ár ndúshlán sa chéad ráithe de 2022 nuair a tháinig athraitheach Omicron an víris an bealach, shocraigh rudaí síos arís agus faoin dara leath de 2021 bhí na hoibríochtaí faoin lánseol arís agus ceadaíodh an acmhainn iomlán paisinéirí a iompar ar a seirbhísí.

Táim thar a bheith bródúil fós as foireann Iarnród Éireann as a chinntiú gur cuireadh seirbhísí riachtanacha ar fáil agus iad ag obair i ndlúthpháirt lenár gceardchumainn ionadaíocha chun féachaint chuige go raibh na tacaíochtaí agus na bearta cosanta ba ghá i bhfeidhm ag na baill foirne chun féachaint chuige go mbeadh na fostaithe agus na custaiméirí slán sábháilte.

Lean na baill foirne orthu ag feidhmiú ar bhealach solúbtha agus ag dul in oiriúint do chúinsí athraitheacha i ngach feidhm agus i ngach suíomh, agus chomhoibrigh siad le bearta chun leanúnachas seirbhíse agus sábháilteacht custaiméirí agus fostaithe a chinntiú. Táimid ag obair i ndlúthpháirt leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le hoibreoirí iompair phoiblí eile go rialta i rith na bliana agus muid á chinntiú go mbeidh eolas, saineolas agus faisnéis ar fáil do chách. Tá príomhról fós á ghlacadh ag Iarnród Éireann i rith na bliana i dtaobh tacaíocht bhreise a sholáthar trí threalamh cosanta pearsanta a bhainistiú agus a sheachadadh thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair, do gach oibreoir iompair phoiblí.

*Tá feabhas tagtha ar inbhuanaitheacht airgeadais an ghnó tráth a bhfuil go leor earnálacha den gheilleagar ar ais ag obair, ach tá tacaíocht airgeadais bhreise fós ag teastáil uainn ón Údarás Náisiúnta Iompair agus ón Roinn Iompair. Is mian linn aitheantas a thabhairt don tacaíocht leanúnach uathu ar feadh na géarchéime seo.*

## Infheistíochtaí Caipitiúla

Rinneadh dul chun cinn le bliain anuas maidir le roinnt príomhthionscadal chun an soláthar seirbhíse dár gcustaiméirí a fheabhsú agus chun cur leis an seasamh atá againn mar phríomhsholáthraí seirbhísí iompair inbhuanaithe na hÉireann.

**An Clár DART+:** Síníodh an conradh le Alstom i leith an fhlít carráistí is mó agus is inbhuanaithe i gcomhair ghréasán iompair phoiblí na hÉireann. Déantar soláthar faoin gconradh i gcomhair suas le 750 carráiste nua iarnróid sa tréimhse deich mbliana atá romhainn. Ina theannta sin, cuireadh isteach an chéad ordú le haghaidh 95 carráiste nua le Alstom. Leanadh den phróiseas forbartha dearaidh do bhonneagar DART+ in 2021, agus reáchtáladh an dara babhta de na comhairliúcháin phoiblí i leith DART+ an Iarthair agus an dá bhabhta comhairliúcháin phoiblí i leith DART+ an Iardheiscirt. Cuireadh tús leis an bpróiseas roghnúcháin i leith DART+ an Chósta agus tá sé beartaithe tús a chur leis an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí i ndáil leis sin go luath in 2022.

**Seirbhísí Comaitéireachta Cheantar Chorcaí:** D'fhormhuinigh an Coimisiún Eorpach plean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann. Áirítear sa phlean cistiú do thrí ghné den phlean uaillmhianach foriomlán chun seirbhísí iarnróid a fhorbairt i gCorcaigh: athnuachan a dhéanamh ar chomharthaí, rian breise a chur ar fáil idir an Gleanntán agus Mainistir na Corann agus ardán breise a chur le Stáisiún an Cheanntaigh. Cuireadh tús in 2021 le hoibreacha forbartha dearaidh ar na gnéithe eile den fhorbairt atá beartaithe. Faoin bpróiseas sin, cinnfear cén flít agus cén bonneagar atá riachtanach chun na leibhéil seirbhíse a fheabhsú agus aithneofar stáisiúin bhreise. Tabharfar chun críche é go luath in 2022.

**An tIonad Náisiúnta Rialaithe Traenacha:** Faoin Tionscadal Náisiúnta Rialaithe Traenacha, déanfar soláthar i gcomhair foirgneamh cúig stór ag Stáisiún Heuston a thógfaidh áit an ionaid rialaithe tráchta atá ag Stáisiún Uí Chonghaile faoi láthair. Leis an tsaoráid nua, déanfar soláthar do bhainistíocht shábháilte, éifeachtach ar thrácht iarnróid in aon láthair amháin agus freastalófar ar leathnú na seirbhíse amach anseo. Beidh áit inti freisin do shaoráidí rialaithe tráchta don Gharda Síochána agus do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus beidh ionad ceannais straitéisigh éigeandála inti. Beidh an foirgneamh tógtha faoi dheireadh Ráithe 2 2022 agus ansin tosóidh Iarnród Éireann agus an Garda Síochána á fheistiú. Críochnaíodh réamhdhearadh an Chórais Bainistíochta Tráchta in 2021, agus tá tús curtha leis an obair ar an dearadh mionsonraithe. Críochnófar an dearadh mionsonraithe in 2022 agus déanfar an córas bainistíochta tráchta a shuiteáil, a thástáil agus a choimisiúnú in 2024.

**Stáisiún Bhaile Pheiléid**: Osclaíodh an stáisiún is nuaí i ngréasán Iarnród Éireann, Stáisiún Bhaile Pheiléid, ar an Domhnach an 26 Meán Fómhair do phobal Ashington agus pobal Pháirc na Canálach Ríoga i mBaile Átha Cliath.

Tá an Stáisiún – an 145ú ceann ar an ngréasán iarnróid – suite idir stáisiún Bhaile an Ásaigh agus stáisiún Dhroichead Broome ar líne M3 Bhealach na Páirce idir Baile Átha Cliath agus Maigh Nuad agus freastalaíonn sé ar phobal seanbhunaithe Ashington chomh maith leis an bpobal nua i bPáirc na Canálach Ríoga.

**Athfhorbairt ar Stáisiún Cheannt:** Tá an dearadh mionsonraithe ar athfhorbairt Stáisiún Cheannt beagnach críochnaithe agus, faoi réir formheasa, tá sé beartaithe an obair a chur amach ar tairiscint i mí Aibreáin 2022 agus conradh a dhámhachtain chun tús a chur léi i mí Iúil 2022. Faoin tionscadal sin, cuirfear feabhas ar eispéireas na bpaisinéirí sa stáisiún agus comhtháthófar an stáisiún leis an bhforbraíocht nua atá beartaithe ó dheas, feabhsófar an comhtháthú idir bus agus iarnród, agus éascófar do mhéadú acmhainne amach anseo.

**Athchóiriú Stáisiún Colbert – Céim 1:** Áireofar leis an tionscadal seo cuais bhreise do bhusanna, oifigí ticéad inrochtana nua, aonaid mhiondíola agus leithris, agus déanfar oibreacha athchóirithe ar na saoráidí atá ann cheana. Tá tairiscintí foirgníochta i leith chéim 1 faighte agus dámhfar an conradh nuair a dhéanfar an cás gnó a fhormheas i Ráithe 1 2022.




An flít nua feithiclí DART+, a bhfuil an chéad 95 carráiste acu ordaithe ó Alstom.

## Europort Ros Láir

In ainneoin dhúshláin an Bhreatimeachta agus COVID-19, ba í an bhliain arbh fhearr fós í 2021 do Europort Ros Láir ó thaobh trácht lasta RóRó: cuireadh breis agus 183,000 aonad lastais tríd an gcalafort. B'ionann an méid sin agus méadú 50% agus 52% i gcomparáid le 2020 agus 2019 faoi seach. Tháinig méadú mór freisin ar líon na n-aistear bád díreach chuig an mór-roinn: tá níos mó ná 30 seirbhís in aghaidh na seachtaine ag feidhmiú anois idir Europort Ros Láir agus Bilbao, Cherbourg, Le Havre agus Dunkirk, rud a fhágann gurb é Europort Ros Láir an príomhchalafort in Éirinn le haghaidh seirbhísí díreacha RóRó/Ro-Pax go dtí an Eoraip. Tá an calafort ag freastal ar sheirbhísí nua de chuid DFDS chomh maith leis na seirbhísí seanbhunaithe ó Irish Ferries, Stena Line, Brittany Ferries agus Neptune Line.

Tugadh i gcrích Máistirphlean Ros Láir in 2021 agus cuirfear tús leis an tógáil in 2022. Tá infheistíocht nach beag á déanamh ag IÉ sa chalafort chun acmhainn agus saoráidí breise RóRó Pax a bhunú agus tá infheistíocht á déanamh ag Oifig na nOibreacha Poiblí sa Bhuanionad Rialaithe Teorann atá de dhíth ansin. Seoladh an tionscadal Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta (ORE) in 2021 ina raibh togra agus dearadh substaintiúil chun saoráid ORE a bhunú ag Calafort Ros Láir chun tacú leis na feirmeacha gaoithe atá á bhforbairt amach ón gcósta sa Mhuir Cheilteach agus i Muir Éireann. Cuirfear i láthair iarratas ar chistiú faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (tionscnamh de chuid an Aontais Eorpaigh) i gcomhair an ghlao anuas in Eanáir 2022 chun comhchistiú 50% a lorg le haghaidh staidéar, dearadh comhshaoil, pleanála agus dearadh sonraí chun an tionscadal ORE a thabhairt chuig céim an toilithe pleanála. Tá sainchomhairleoirí ceaptha anois agus tá foireann tionscadail bunaithe.

## Oibríochtaí

Lean Iarnród Éireann ar aghaidh ag sárú spriocanna íosta poncúlachta ar fhormhór mór na mbealaí mar a leagtar amach sa Chonradh Seirbhíse Poiblí leis an Údarás Náisiúnta Iompair. Bhí sceideal laghdaithe i bhfeidhm ón 11 Eanáir go dtí an 3 Bealtaine agus na dátaí sin san áireamh, ag teacht leis na srianta COVID-19 a bhí i bhfeidhm. Bhí séasúr ann ina raibh fadhbanna againn le greamaitheacht ráillí agus cuir sé sin isteach ar fheidhmíocht an DART.

**Poncúlacht in 2021**

| | | |
|---|---|---|
| DART | **90.4%** | -2.0% |
| InterCity | **95.8%** | +0.6% |
| Gréasán Comaitéireachta Bhaile Átha Cliath | **93.5%** | +2.0% |
| Gréasán Comaitéireachta Chorcaí | **98.3%** | -0.4% |
| Seirbhísí Réigiúnacha | **96.7%** | -0.2% |

## Cúrsaí Airgeadais

Ba é toradh foriomlán na bliana glanbharrachas airgeadais €1.8m tar éis cánachais (2020: barrachas €2.5m) le glansócmhainní €45.8m (2020: €44.0m).

Bhí tionchar fós ag COVID-19 ar an ioncam oibriúcháin i gcomparáid leis na leibhéil ioncaim roimh an bpaindéim. Léiríonn an t-ioncam iomlán €144.5m (2020: €143.7m) ó oibríochtaí sa bhliain sin téarnamh dar luach €0.8m. I gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, tháinig laghdú €0.1m ar an ioncam €2.3m (2020: €2.4m) a fuarthas ó tháillí páirceála. Tháinig laghdú beag bliain ar bhliain ar an ioncam €3.6m (2020: €3.8m) i leith Lastas Iarnróid agus méadú €2.5m a bhí i gceist leis an ioncam €9.6m (2020: €7.1m) i leith Chalafort Ros Láir. Bhain suim €0.5m le trácht paisinéirí agus le custaiméir nua atá ag freastal ar an gcalafort. Bhí an t-ioncam eile €1.0m níos ísle i leith na bliana: €28.9m (2020: €29.9m) a bhí i gceist leis. Is é an phríomhchúis atá leis an méadú ná ioncam Tríú Páirtí níos airde de €3.2m, ioncam €1.5m ó Navigator mar gheall ar éileamh méadaithe, arna fhritháireamh ag ioncam níos ísle €5.7m ón réadmhaoin mar gheall ar an laghdú ar ioncam cíosa i leith na bliana.

Suim €100.1m (2020: €100.8m) a bhí i gceist leis an ioncam ó phaisinéirí in 2021, sin laghdú 0.7% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Méadú a bhí i gceist leis an ioncam €65.8m (2020: €61.4m) i leith Intercity, arna fhritháireamh ag laghduithe ar an ioncam €16.7m (2020: €20.3m) i leith seirbhísí Comaitéireachta agus €17.6m (2020: €19.1m) ón DART i gcomparáid le 2020.

Fuair an chuideachta €41.5m (2020: €14.6m) faoin Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta a cuireadh chun feidhme mar gheall ar COVID-19.

Méadú €5.9m bliain ar bhliain a bhí i gceist leis an gcaiteachas párolla €280.3m (2020: €274.4m), agus ba é an chúis ba mhó leis sin an méadú ar mheánlíon na bhfostaithe go 4,176 duine (2020: 4,058). Fostaíodh tuilleadh tiománaithe traenach, oibrithe seirbhíse do chustaiméirí agus baill foirne chun tionscadail chaipitil agus chothabhála bhreise a chur i bhfeidhm. Méadú €10.1m a bhí i gceist le costais oibriúcháin eile €243.5m (2020: €233.4m) i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, mar gheall ar ghníomhaíochtaí cothabhála méadaithe agus costais bhreosla níos airde.

Fuarthas cistiú €235.7m ón Roinn Iompair in 2021 (2020: €199.7m) faoin gConradh Ilbhliantúil Bonneagair agus fuarthas €25.3m (2020: €0.4m) eile i gcomhair tionscadail chaipitil. Sholáthair an tÚdarás Náisiúnta Iompair cistiú Oibleagáide Seirbhíse Poiblí €181.8m (2020: €198.9m) chun seirbhísí paisinéirí a rith, agus chlúdaigh an cistiú breise an laghdú ar ioncam ó phaisinéirí glan ar an méid airgid a spáráil an chuideachta. Fuarthas cistiú caipitil iomlán €39.9m (2020: €45.7m) le haghaidh cothabháil throm ar an rothstoc agus feidhmiú seirbhísí paisinéirí i rith na bliana agus fuarthas cistiú €39.9m (2020: €29.0m) i ndáil leis an Oibleagáid Seirbhíse Poiblí. Sholáthair an tÚdarás Náisiúnta Iompair €238.9m breise (2020: €78.2m) i gcomhair tionscadail chaipitil.

Gineadh suim airgid €22.4m (2020: úsáideadh suim airgid €4.7m) i leith na bliana (gan maoiniú i measc na gcuideachtaí féin san áireamh). Eascraíonn an toradh dearfach sin as glanbharrachas, costais dímheasa níos airde agus ceanglais níos ísle i leith caipiteal oibre arna bhfritháireamh ag an méadú ar chaiteachas caipitil. Dá dtarlódh cúlú geilleagrach nó dá dtiocfadh laghdú ar an gcistiú ón stát, d'fhéadfadh an clár comhardaithe a bheith thíos leis fós.

In 2021, rinne IÉ brabús trádála €0.8m (2020: €4.6m) tar éis cánach. D'úsáid IÉ caillteanais trádála na bliana roimhe sin chun an brabús sin a fhritháireamh.

Ba é an brabús cíosa i leith na bliana ná €3.4m (2020: €2.9m). Cuireadh muirear cánach €0.8m san áireamh sa chuntas brabúis agus caillteanais i leith na bliana.

## Costais Chomhairleoireachta

De réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, leagtar amach sa tábla thíos na costais chomhairleoireachta a thabhaigh an chuideachta in 2021 atá san áireamh sna costais oibriúcháin agus na costais eile (féach Nóta 6). An méadú a tháinig ar chostais chothabhála agus athnuachana, baineann sé go príomha le tionscadail chaipitil.

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Cothabháil agus Athnuachan | 17,710 | 1,270 |
| Oibriúchán agus Eile | 308 | 344 |
| Córais Paisinéirí | 2 | 30 |
| Straitéis agus Dearadh na hEagraíochta | 561 | 114 |
| **Ollchostais Chomhairleoireachta** | **18,581** | **1,758** |
| Costais chaipitlithe | (17,399) | (904) |
| **Glanchostais Chomhairleoireachta** | **1,182** | **854** |

## Cúrsaí Sábháilteachta

Le linn 2021, leagadh an-bhéim fós ar shábháilteacht ár gcustaiméirí agus ár bhfostaithe tráth a rabhthas ag díriú ar shláinte an phobail agus an tír suaite ag tionchar COVID-19, tionchar a bhí ag athrú go tapa. Bíonn an tsábháilteacht ina príomhthosaíocht ag IÉ i gcónaí, áfach, agus muid ag díriú ar ár ngréasán a reáchtáil go sábháilte.


### Dul i nGleic leis an Iompraíocht Fhrithshóisialta

Tugadh faoi bhearta coisctheacha éagsúla i rith na bliana 2021 chun dul i ngleic le treocht a bhí ag dul in olcas maidir le teagmhais iompraíochta frithshóisialta. Is é an toradh a bhí air sin ná gur tháinig laghdú i rith na bliana ar líon na dteagmhas sin nár mhór iad a thuairisciú.


- Chuir an tÚdarás Náisiúnta Iompair i bhfeidhm in AIMS (Córas Bainistíochta Teagmhas Timpiste) leagan athbhreithnithe de na catagóirí teagmhas iompraíochta frithshóisialta nár mhór iad a thuairisciú agus tá siadsan glactha anois ag gach soláthraí iompair phoiblí.
- Cuireadh ar bun cúig Mhol Mearfhreagartha de chuid an Gharda Síochána chun cabhrú le baill foirne ar thraenacha Intercity dá mba rud é go raibh deacrachtaí le paisinéirí ag géarú. Tá na moil lonnaithe i bPort Laoise, i nDurlas, ag Acomhal Luimnigh, i Mala agus i mBaile Átha Luain.
- Chuir an Seomra Rialaithe Slándála tús le hoibríochtaí chun faireachán fíor-ama a dhéanamh ar an CCTV ag gach láthair i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus ag saoráidí ardaitheora agus chuir siad daoine den fhoireann slándála túslíne chuig teagmhais go tapa.
- Méadú ar chomhoibríochtaí sábháilteachta poiblí de chuid an Gharda Síochána/IÉ ag láithreacha ardriosca agus ar bord le cúnamh ó oifigigh údaraithe de chuid Aonad um Chosaint na gCoimisinéirí Ioncaim a ceapadh le déanaí. Bhí sé ina thoradh air sin gur tháinig laghdú foriomlán ar choireacht agus ar iompraíocht fhrithshóisialta agus gur tháinig feabhas ar chomhlíonadh le linn na tréimhse.
- Idirchaidreamh leanúnach méadaithe leis an nGarda Síochána ar leibhéal straitéiseach, ceantair agus oibríochtaí le linn 2021.
- Uasghrádú leanúnach ar CCTV sna stáisiúin ar an ngréasán chun tacú le sábháilteacht an phobail.
- Suirbhéanna Garda um Chosc ar Choireacht déanta ag roinnt áiteanna ar ghréasán IÉ.



## Iompraíocht Frithshóisialta





## Líon na dTimpistí ar Chaill Fostaí Am dá mBarr





Tá méadú 19% tagtha ar líon na dtimpistí ar chaill fostaithe am dá mbarr, sin 7 dtimpiste sa bhreis ar líon na bliana 2021. Ní mór, áfach, an filleadh ar an obair le linn 2021 a chur san áireamh i gcás fostaithe a bhí ag obair ón mbaile ó 2020 mar gheall ar COVID-19, cé gur baill foirne oifige nó tacaíochta iad formhór na bhfostaithe a bhí ag obair ón mbaile. Laghdú 13 atá i gceist le figiúr na bliana 2021 i gcomparáid leis na figiúirí roimh an bpaindéim: tharla 56 timpiste ar chaill fostaithe am dá mbarr in 2019. Sciorradh, tuisle agus titim nach raibh tromchúiseach a bhí i gceist le formhór na dtimpistí ar cailleadh am dá mbarr, mar aon le timpistí neamh-thromchúiseacha le linn láimhsithe.

## Neasteagmhas ag Crosaire Comhréidh, Catagóir 1





Neasteagmhas amháin breise i gCatagóir 1 a tharla in 2021 i gcomparáid le 2020. Tá treocht dhearfach anuas le sonrú le roinnt blianta anuas agus cé gur tháinig méadú beag ar an líon teagmhas i gcomparáid le 2020, is an méadú ar ghníomhaíocht ar na bóithre is cúis leis sin. Réimse tosaíochta is ea é i gcónaí agus bítear i gcomhairle le geallsealbhóirí ar bhonn leanúnach ina leith, agus úinéirí talún agus pobail áitiúla ina measc.

## Tuairteáil in aghaidh Droichid





Méadú 19 atá tagtha ar líon na gcásanna Tuairteála in aghaidh Droichid. Sin méadú 24% le hais 2020. Tháinig méadú ar líon na gcásanna tuairteála in aghaidh droichid ar gheall ar an méadú mór ar ghníomhaíocht ar na bóithre. Cé go bhfuil méadú tagtha ar líon na gcásanna sin, is fiú a thabhairt faoi deara gur laghdú atá tagtha ar líon na dteagmhas tromchúiseach agus na dteagmhas a d'fhéadfadh a bheith tromchúiseach.

## Timpistí a tharla do Chustaiméirí nó do Thríú Páirtithe (inar baineadh gortú do dhuine)





Laghdú 21% atá i gceist ó 2020, ó 122 go 96. Treocht dhearfach anuas atá ansin, mar a bhí amhlaidh an bhliain roimhe sin. Cé go bhféadfadh an treocht sin a bheith mar gheall ar líon na n-aistear paisinéirí a bheith níos ísle de bharr COVID-19, tá líon na dteagmhas in aghaidh gach milliún aistear a dhéanann paisinéirí ag laghdú freisin.

## Timpistí a tharla do Chustaiméirí nó do Thríú Páirtithe (iomlán)





Laghdú 24% atá i gceist ó 2020, ó 237 go 180. Treocht dhearfach anuas atá ansin, mar a bhí amhlaidh an bhliain roimhe sin. Cé go bhféadfadh an treocht sin a bheith mar gheall ar líon na n-aistear paisinéirí a bheith níos ísle de bharr COVID-19, tá líon na dteagmhas in aghaidh gach milliún aistear a dhéanann paisinéirí ag laghdú freisin.

## Timpistí a tharla do Chustaiméirí nó do Thríú Páirtithe idir an Traein agus an tArdán (inar baineadh gortú do dhuine)





Laghdú 24% atá tagtha ar líon na gcásanna inar baineadh gortú do dhuine i gcomparáid le 2020, ó 42 go 32. Tá sé sin ag teacht leis an treocht dhearfach anuas i gcás líon na dteagmhas agus líon na dteagmhas in aghaidh gach milliún aistear a rinne paisinéirí.

## Timpistí ITA a tharla do Chustaiméirí nó do Thríú Páirtithe (Iomlán)




Ar an iomlán tá laghdú 39% tagtha ar thimpistí i gcomparáid le figiúirí na bliana 2020, ó 95 go 58. Léirítear an treocht dhearfach sin freisin sa treocht anuas i dtaobh líon na dteagmhas in aghaidh gach milliún aistear a rinne paisinéirí traenach.

## Cásanna ina nDeachthas Thar Chomhartha ar bhealach Contúirteach (TCCanna)




Tháinig laghdú ar líon na TCCanna gach uile bhliain ó 2018 i leith. Tá speisialtóir Cúinsí Daonna IÉ fós ag obair le tiománaithe agus bainisteoirí ina leith sin. Tá athbhreithniú agus oiliúint/athoiliúint leanúnach ar siúl. Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil líon mór daoine earcaithe chuig an nGrád Tiomána againn le dhá bhliain anuas agus is cosúil nach raibh drochthionchar aige sin ar líon na dteagmhas. Baineadh leas as acmhainní breise Cúinsí Daonna chun cabhrú le hanailís ar threochtaí i dtaobh teagmhais TCC agus chun réimsí feabhsúcháin a aithint.




Bhí Iarnród Éireann ag forbairt Córas Cosanta Traenacha, ar a dtugtar Córas Hibrideach Iarnród Éireann (IÉHS), le cur in ionad na gcóras atá ann faoi láthair. Leis an gcóras sin, comhtháthaíodh teicneolaíocht nua-aimseartha cosanta traenacha leis an seanchóras cosanta traenacha atá againn cheana agus ansin bhíothas in ann aistriú go dtí córas caighdeánach an Aontais Eorpaigh, an Córas Eorpach um Rialú Traenacha nó ETCS. Thug monaróir IÉHS le fios nach bhféadfaí tacú leis an gcóras a bhí beartaithe acu, nach raibh forbartha go hiomlán fós, tar éis 2031 agus nach bhféadfadh a gcóras cloí leis na dréacht-Rialacha Teicniúla Náisiúnta a forbraíodh le déanaí. Mar sin, cuireadh deireadh le forbairt IÉHS. Ag teacht le moladh ó staidéar ar na roghanna maidir le cosaint traenacha, dá mba rud é nach leanfaí ar aghaidh le IÉHS, tá Iarnród Éireann ag dul ar aghaidh anois leis an gCóras Eorpach um Rialú Traenacha (ETCS). In athbhreithniú ar an obair a rinneadh go dtí seo tugadh le fios gur beag an costas gan rath a bhí i gceist leis sin.

## Aistriú ó Bhonn

Bunsprioc inghnóthaithe i leith 2021 arbh ea é Straitéis IÉ 2027 a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Tá an straitéis uaillmhianach sin ailínithe leis an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus leagtar amach inti pleananna le haghaidh **fás agus inbhuanaitheacht an iarnróid agus le haghaidh é a athrú ó bhonn**.

Tá IÉ réidh agus é neartaithe le príomhról a ghlacadh chun tacú leis an téarnamh geilleagrach tar éis phaindéim COVID-19 agus chun iompar poiblí ardacmhainne inbhuanaithe a sholáthar mar rannpháirtí tábhachtach san obair chun Tionscadal Éireann 2040 a chur chun feidhme. Feictear an tiomantas sin arís eile inár Straitéisí i leith Daoine, Lastais agus Sábháilteachta, straitéisí a chuideoidh linn ár dtiomantas dár gcustaiméirí agus dár bhfostaithe a dhaingniú.

## Lastas

Tá ár ngnó Lastais imithe ó neart go neart: fuarthas gnó nua in 2021 agus tháinig méadú suntasach ar na táirgí insoláthartha.

Áiríodh iad seo a leanas i measc phríomhthrácht lastais na Cuideachta:

- Mian since ó Mhianaigh na Teamhrach chomh fada le Calafort Bhaile Átha Cliath,
- Traenacha coimeádán ó Bhéal an Átha chomh fada le Calafort Bhaile Átha Cliath agus Calafort Phort Láirge
- Traenacha adhmaid ó Chontae Mhaigh Eo chomh fada le Port Láirge.
- Cuireadh tús in 2021 le seirbhís nua coimeádán lastais iarnróid le XPO Logistics.




Tháinig méadú mór ar an ioncam iomlán ón ngnó lastais, méadú de bhreis is €1m go €8.9m, sin €3.6m ó ghnó an iarnróid agus €5.3m ó Navigator Forwarding. Tháinig méadú mór freisin ar an tonnáiste iomlán agus 70 milliún tona in aghaidh an chiliméadair a iompraíodh san iomlán.

Táimid fós dírithe go tréan ar ghnó an lastais iarnróid a chur chun cinn agus borradh a chur faoi, agus seoladh Straitéis Lastais Iarnróid 2040 in 2021. Ag obair dúinn leis na príomh-gheallsealbhoirí go léir, leagaimid amach sa straitéis na sé cholún lárnacha atá againn chun an t-iarnród a chur i gceartlár chórais iompair lastais na hÉireann amach anseo. Ar na príomhréimsí infheistíochta sna blianta atá le teacht beidh feabhsú an bhonneagair ag calafoirt, forbairt gréasáin de chríochfoirt idirmhódúla intíre, agus ceannach an rothstoic a theastaíonn.

D'éirigh go geal arís eile in 2021 le gnó Navigator Iarnród Éireann (Lastas), atá dírithe ar pháirteanna cairr a bhailiú agus a dháileadh. Bhí feidhmíocht an ghnólachta sin ina measc siúd ab fhearr san Eoraip san earnáil sin – seachadadh 99.6% de na horduithe ar fad in am ar fud oileán na hÉireann.

## Ár nGréasán

### Tionscadal Athshlánaithe Líne Chorcaí

Leanadh ar aghaidh in 2022 leis an tionscadal chun bonneagar na ráillí a uasghrádú ar an bpríomhlíne idir Baile Átha Cliath agus Corcaigh. In ainneoin na ndúshlán a tháinig chun cinn, baineadh amach toradh maith: leagadh síos 23 míle den rian as an nua, glanadh stráice 19 míle ballasta agus rinneadh obair dhraenála ar stráice 7 míle. Bhíothas chun tosaigh ar an bplean ina leith sin go léir agus níor imríodh ach tionchar beag ar sheirbhísí oibriúcháin le linn an tionscadail athnuachana chasta sin.

## Cosaintí Cósta

Bunaíodh Tionscadail um Chosaint Bonneagair Iarnróid an Chósta Thoir (ECRIPP) agus é ina aidhm leis an t-iarnród a chosaint ag roinnt áiteanna ina bhfuil sé i mbaol. Is mórobair é an tionscadal sin faoina bhfuil sé i gceist stop a chur leis an gcreimeadh cósta nach beag atá ag dul in olcas le blianta beaga anuas mar gheall ar an athrú aeráide agus mar gheall ar stoirmeacha a bheith ag tarlú níos minice. Tugadh faoi oibreacha cosanta práinneacha i Ros Láir áit ar leagadh síos lear mór carraigeacha cosanta chun cur i gcoinne mhórchaillteanas talún sa cheantar. Rinneadh dul chun cinn freisin le bunú foirmiúil an tionscadail agus lena shruth cistiúcháin. Infheistíocht mhór ilbhliantúil a bheidh i gceist leis.

## Córais Rabhaidh chun Traenacha a Bhrath

Rinneadh dul chun cinn in 2021 maidir leis an tionscadal chun an teicneolaíocht a uasghrádú ag ár gcrosairí comhréidhe arna n-oibriú ag úsáideoirí: suiteáladh córais ag 22 crosaire comhréidh. Cuidíonn na córais le traenacha a bhrath ag na crosairí comhréidhe sin: nuair a bhíonn siad gníomhachtaithe, taispeántar solas rabhaidh agus buailtear aláram lena chur in iúl go bhfuil traein ag teacht. Is príomhthionscadal é sin chun an baol a laghdú ag na comhéadain sin.

## Ardaitheoirí agus Staighrí Beo

Rinneadh athnuachan agus uasghrádú i rith na bliana ar ár n-ardaitheoirí agus staighrí beo agus rinneadh oibreacha athnuachana ar an mbonneagar ríthábhachtach sin in áiteanna lárnacha ar nós Stáisiún Uí Chonghaile. Cuireadh ardaitheoirí agus staighrí beo nua in ionad cinn a bhí ag dul in aois nó rinneadh iad a nuachóiriú ag 24 áit san iomlán le linn 2021.

## Athnuachan an Trealaimh Líne Lastuas

Sa dara bliain den tionscadal seo, rinneadh athnuachan in 2021 ar 40 km sreinge agus ar an mbonneagar tacaíochta atá ag gabháil leis an tsreang ar ghréasán leictreach an DART. Tugadh faoin obair mar chuid de chonradh athnuachana cúig bliana le Sacyr Neopul. Rinneadh oibreacha athnuachana idir Acomhal Bhinn Éadair agus Mullach Íde agus idir Bré agus na Clocha Liatha in 2021. Rinneadh oibreacha pleanáilte thar cúig dheireadh seachtaine chun sreang nua a chur in airde agus rinneadh athnuachan ar an mbonneagar eile go léir a ghabhann leis na línte lastuas i rith na bliana. Ba san oíche a rinneadh an obair sin ionas nach gcuirfí isteach ar na traenacha. Rinneadh athnuachan ar naoi stráice san iomlán lena n-áirítear sreang nua thadhaill, sreang thacaíochta, sreang thalmhaithe agus sreang fhriothálach a chur in áit na seansreinge chomh maith le hathnuachan a dhéanamh ar threalamh eile a ghabhann leis na línte lastuas, ar nós starrmhaidí. Tugtar tús áite d'oibreacha ar bhonn measúnú ar riocht agus caitheamh an ghréasáin leictrithe ar fad.

## Athnuachan i leith Tarraingthe

Dámhadh conradh i dtaobh Athnuachan Ísealvoltais sna Fostáisiúin Tarraingthe agus sna Botháin Chomhthreomhara Ráillí is sine ó 1983 agus cuireadh tús le hoibreacha tionscadail ina leith sin. Suiteáladh agus coimisiúnaíodh lasc-chlár nua 1500V DC i bhFostáisiún Tarraingthe Mhullach Íde. Dámhadh conradh le haghaidh Múchadh Éigeandála Neamhspleách nua ar an DART agus cuireadh tús leis na hoibreacha dearaidh in 2021. Críochnaíodh ag cur le chéile creatphainéal conraitheoirí speisialtóireachta le haghaidh oibreacha ardvoltais agus ullmhaíodh doiciméid tairisceana chun tosú ag cur fochórais éagsúla nua in ionad seanchórais sa ghréasán tarraingthe e.g. claochladáin, scoradáin chiorcaid.

## Athnuachan ar Chomharthaíocht

Athchomharthaíocht i gCorcaigh – Coimisiúnaíodh an Trealamh Comhghlasála Soladstaide (SSI) nua agus an trealamh nua cois ráillí a ghabhann leis i Limistéar Rialaithe Stáisiúin Chorcaí le linn múchadh 11 lá SET/CCE i mí Dheireadh Fómhair.

Uathoibriú Chrosaire Comhréidh na Croise & Síneadh SSI – Tiontaíodh crosaire na Croise ina Chrosaire Comhréidh 4 bhacainn le CCTV, ar féidir é a chianrialú, agus leathnaíodh an teorainn SSI ó Acomhal Luimnigh chun an Chrois a áireamh i mí na Nollag.

Athnuachan i bPort Laoise agus i nGéisill – Leanadh le hoibreacha suiteála in 2021 chun athnuachan a dhéanamh ar an dá phíosa trealaimh comhghlasála atá ann cheana, atá bunaithe ar athsheachadáin, trí úsáid a bhaint as acmhainn comhghlasála SSI atá gar dóibh.


## Straitéis Comhghlasála

Tugadh i gcrích Staidéar Comhghlasála in 2021 lena chinneadh céard a thógfadh áit an réitigh SSI agus ullmhaíodh doiciméid tairisceana tosaigh le dul chun an mhargaidh in 2022 le haghaidh creat fadtéarmach soláthair agus tacaíochta don chineál nua sin comhghlasála (Comhghlasáil Ríomhaire). Is é an toradh a bheidh air sin ná socrú fadtéarmach comhpháirtíochta le cuideachta atá amuigh chun tosaigh sa mhargadh maidir le trealamh comhghlasála iarnróid a sholáthar.



# Inbhuanaitheacht

An Straitéis Inbhuanaitheachta atá againn, tá sí dírithe ar chuspóirí agus déantar comhtháthú léi ar spriocanna geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil chun cur chuige iomlánaíoch a chinntiú ar fud na cuideachta.



# Inbhuanaitheacht

In 2021, d'fhoilsigh Iarnród Éireann a straitéis inbhuanaitheachta, #sustainabilitIE, inar sonraíodh gealltanais na cuideachta maidir le hinbhuanaitheacht ar fud trí ghné: an ghné chomhshaoil, an ghné shóisialta agus an ghné gheilleagrach.

Tá Iarnród Éireann, i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara, ag gabháil do réimse leathan tionscnamh faoi na trí cholún idirghaolmhara sin. Tacaíonn na tionscnaimh sin le feidhmiú roinnt príomhbheartais agus straitéisí náisiúnta lena gcuirtear chun cinn forbairt na tíre, an éagsúlacht agus freagracht shóisialta agus freagracht i leith an chomhshaoil lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann leis an athrú aeráide. Is tacaíocht iad freisin maidir le haidhmeanna fairsinge na Náisiún Aontaithe i ndáil le forbairt inbhuanaithe, agus tá siad i gcomhréir le Straitéis Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ.

Áirítear leis na tionscnaimh ar tugadh fúthu:

## An Ghné Chomhshaoil

### An Bhithéagsúlacht

- Ullmhaíodh Treoirlínte Bithéagsúlachta don fhoireann, tugadh cothrom le dáta an Caighdeán Bainistíochta Fásra agus bunaíodh creat Cranneolaíochta mar aon le sraith cruinnithe faisnéise agus babhtaí rannpháirtíochta.
- Cuireadh níos mó plandaí ag fás ag príomhláithreacha (sé scéim pailneoirí) agus cuireadh tuilleadh scéimeanna ar bun faoinar cuireadh plandaí dúchasacha (10.5 acra).

### An Geilleagar Ciorclach agus Bainistíocht Dramhaíola

- Comhlíonadh bainistíochta dramhaíola lena n-áirítear córas rangaithe dramhaíola a bhunú agus doiciméid tairisceana caighdeánaithe le haghaidh ballasta iomarcach agus oiliúint i dtaobh dramhaíola.
- Tionscnaimh leanúnacha i dtaobh dramhaíl a laghdú agus a athchúrsáil ag teacht le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh, e.g. tionscadal chun an úsáid a bhaintear as plaisteach aonúsáide a laghdú.
- Athúsáid/uaschúrsáil sa phobal ag teacht le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh

### Dícharbónú agus Ídiú Fuinnimh

Tá tionchar fós á imirt ag paindéim Covid-19 ar ár bhfeidhmíocht i dtaobh ídiú fuinnimh. Cé gur fhilleamar ar sheirbhís iomlán sa dara leath de 2021, bhí amchlár laghdaithe i bhfeidhm mar gheall ar COVID-19 i míonna luatha na bliana.

I ndearbhthéarmaí, tá an t-ídiú fuinnimh agus astaíochtaí carbóin ag druidim go tapa leis na leibhéil a bhíodh ann roimh an bpaindéim anois nuair atá an tseirbhís iomlán á feidhmiú arís, ach le laghdú ar líon na bpaisinéirí. Níos lú ná 50% d'iomlán líon na bpaisinéirí in 2019 atá i gceist den dara bliain as a chéile.

Toisc gur bhliain chomh neamhghnách a bhí in 2020 i dtéarmaí seirbhíse agus na timpeallachta ginearálta gnó, b'fhéidir gurbh fhiúntaí an beart é próifíl ídithe fuinnimh na bliana 2021 a chur i gcomparáid le 2019 in ionad 2020.



An chéad rannpháirtí i Scéim na Roinne Talmhaíochta chun Plandaí Dúchasacha a Chur, ag Cora Droma Rúisc.



Léirítear thíos próifíl ídithe fuinnimh (MWh) Iarnród Éireann *(gach figiúr slánaithe chuig '000):*

## Próifíl maidir le hÍdiú Fuinnimh – Iarnród Éireann (MWh)

| Bliain | Y 2006 | Y 2010 | Y 2016 | Y 2019 | Y 2020 | Y 2021 | 2021 le hais 2019 (roimh COVID-19) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ola dhíosail le haghaidh feithiclí a tharraingt | 670,300 | 465,900 | 429,000 | 460,113 | 375,233 | 441,315 | -4.1% |
| Leictreachas le haghaidh feithiclí a tharraingt | 35,400 | 26,700 | 24,458 | 27,695 | 23,235 | 23,453 | -15.3% |
| Breosla i gcomhair Feithiclí Bóthair | 13,400 | 16,600 | 15,700 | 14,676 | 14,645 | 14,644 | -0.2% |
| Leictreachas le haghaidh cuspóirí eile | 31,000 | 39,000 | 36,889 | 35,791 | 35,804 | 31,805 | -11.1% |
| Gás i gcomhair téimh | 18,500 | 16,300 | 8,700 | 9,278 | 9,979 | 9,277 | -0.01% |
| **Úsáid Fuinnimh iomlán MWh** | **768,600** | **564,500** | **514,747** | **547,553** | **458,895** | **520,494** | **-4.9%** |
| **Iomlán na nAstaíochtaí $CO_2$ ('000 tona)** | **230.0** | **164.6** | **146.0** | **142.5** | **112.1** | **126.7** | **-11.1%** |
| **Astaíochtaí $CO_2$ an DART** | **11.7** | **8.8** | **8.1** | **9.2** | **6.9** | **7.0** | |
| **Iomlán na nAstaíochtaí $CO_2$ tona/'000 km traenach IOMLÁN** | **12.6** | **9.3** | **7.9** | **7.4** | **6.6** | **7.4** | **0.1%** |
| Paisinéirí M km | 1,872 | 1,678 | 1,990 | 2,399 | 877 | 870 | -63.7% |
| **Úsáid Fuinnimh iomlán MWh in aghaidh 10,000** | **4.03** | **3.27** | **2.59** | **2.28** | **5.23** | **5.98** | **162.1%** |
| Traenacha M km | 18.2 | 17.7 | 18.4 | 19.26 | 16.95 | 17.10 | -11.2% |
| **Úsáid Fuinnimh iomlán MWh in aghaidh 100 km Traenach** | **4.14** | **3.10** | **2.80** | **2.84** | **2.71** | **3.04** | **7.1%** |

## Díosal i gcomhair Tarraingthe

Tháinig laghdú **4.1%** ar an méid díosail a ídíodh agus tháinig laghdú **63%** ar líon na gciliméadar a thaistil paisinéirí i gcás seirbhísí díosail le hais na bliana 2019.

Mar gheall ar an bpatrún seirbhíse neamhghnách sin, tá an éifeachtúlacht fuinnimh (MWh in aghaidh gach 10,000 km a thaistil paisinéirí) laghdaithe ó 2.28 in 2019 go 5.98 in 2021 (**-162%**).

Níl aon athrú tagtha ar an ídiú fuinnimh i gcás na n-inneall i gcomhair Lastais ó 2019.

## DART

Tháinig laghdú **15.3%** ar an méid leictreachais a ídíodh chun an DART a rith le hais na bliana 2019 agus tháinig laghdú **64%** ar líon na gciliméadar a thaistil paisinéirí.

## Breosla i gcomhair Feithiclí Bóthair

Tá an méid breosla a úsáideadh sna feithiclí bóthair ar ais chuig figiúirí na bliana 2019.

## Leictreachas

Tháinig laghdú **11%** ar an méid leictreachais a ídíodh i gcomhair sócmhainní seasta (foirgnimh, an córas comharthaíochta, an córas teileachumarsáide) i gcomparáid le 2019.

## Gás

Tá an méid gáis a úsáideadh tar éis filleadh ar fhigiúr na bliana 2019, sin aisiompú 7.6% i gcomparáid le 2020. Tá mórthionscadail tugtha chun críche le déanaí in áiteanna amhail oifigí Stáisiún Uí Chonghaile agus Seid Rothstoic Inse Chór, inar suiteáladh insliú feabhsaithe ar fhoirgnimh mhóra, agus fágann sé sin go bhfuil feabhas ar an éifeachtúlacht fuinnimh.

## Foriomlán

Tháinig laghdú **4.9%** le hais 2019 ar an méid foriomlán fuinnimh a ídíodh. Tá an laghdú sin roinnte idir Díosal i gcomhair Tarraingthe (69%), Leictreachas i gcomhair Tarraingthe (16%) agus Leictreachas i gcomhair sócmhainní (15%).

## Costais

Laghdaigh na margaí mórdhíola gáis chuig an leibhéal is ísle le deich mbliana anuas i lár 2020, ach tháinig siad ar ais chucu féin go tréan in 2021. Idir Eanáir agus Nollaig 2021, tháinig méadú 117% ar phraghas an leictreachais in aghaidh an aonaid de réir mar a d'ardaigh praghas an gháis chuig an leibhéal is airde fós.

B'ionann an t-ardú bliain ar bhliain ó 2020 go 2021 agus **44%** i gcás an leictreachais agus **97%** i gcás an gháis. Tháinig laghdú **12%** ar phraghas ola breosla.

Déantar ceannacháin díosail a fhálú chun cinn agus mar sin léiríonn na praghsanna an praghas fálaithe, agus ní an "Prap-phraghas".

## Dícharbónú

Glanastaíochtaí carbóin 126,700 tona a bhí i gceist in 2021, sin laghdú **11.1%** i gcomparáid le 2019. Tabhair faoi deara go gcuimsítear san fhigiúr sin astaíochtaí faoi Scóip 1 (feithiclí cuideachta le hinneall dóchán, teas) agus astaíochtaí faoi Scóip 2 (leictreachas a ceannaíodh).

## An Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide

An tAcht Aeráide 2021: Sprioc maidir le laghdú astaíochtaí san earnáil iompair faoi 2030: **42-50%**

Is é atá sa chomhpháirt éifeachtúlachta fuinnimh ná beart leantach faoin bpróiseas atá ann cheana.






Is dúshlán mór ag IÉ é, áfach, **glanlaghdú** ar gháis ceaptha teasa (gan aon liúntas i leith méadú gníomhaíochta) a bhaint amach.

## Bearta a Rinneadh in 2021 agus Bearta atá Pleanáilte le haghaidh 2022

### Breosla Díosail i gcomhair Tarraingthe

- Giarbhosca ZF sna Traenacha Díosail Ilaonad (Carranna Iarnróid Intercity)
  - Cuireadh an traein fréamhshamhla le Tras-Seoladh ZF ag rith ar fud an ghréasáin. Críochnaíodh an bailíochtú feidhmíochta (ídiú breosla) agus tá an fheidhmíocht ag teacht leis na hionchais. Lena chois sin, éascaíonn an triail sin d'fheithiclí a thiontú ina bhfeithiclí hibrideacha (sonraí thíos).
- Tiomáint Hibrideach don fhlít carranna iarnróid de chuid InterCity
  - Tá comhpháirteanna innill Chéim V á ndéanamh faoi láthair chun éascú do thrialacha ar innill Chéim V (dhá thraein) i Ráithe 1 2022. Tá an triail tosaigh ar an tiomáint hibrideach ar an sceideal i gcomhair Ráithe 4 2022.
- Foinse nua chumhachta ar Aicme 29000
  - Tabharfar faoi staidéar féidearthachta in 2022 chun na roghanna agus an cás gnó a chinneadh maidir le foinse nua chumhachta a fheistiú sa fhlít traenacha díosail ón tréimhse 2003-2005 agus féachaint an bhféadfaí cinn hibrideacha a dhéanamh astu.
- Veaineanna gineadóra Enterprise
  - Tá clár oibre ar bun chun athchóiriú a dhéanamh ar na veaineanna gineadóra atá ag feidhmiú ar fhlít Enterprise Intercity (4 veain) le seiteanna díosail nua-aoiseacha atá go maith ó thaobh astaíochtaí a sheachaint. Críochnaíodh an obair ar dhá phéire gineadóirí in 2021 agus tá siad i mbun seirbhíse anois. Tá an chuid eile acu le críochnú in 2022.

### Slabhra Soláthair Díosail

- Is táirge é "Ad Blue" atá dírithe ar chaighdeáin i dtaobh astaíochtaí a chomhlíonadh trí ábhar cáithníneach (PM) agus ocsaídí nítrigine (NOx) a laghdú go dtí leibhéal atá gar do nialas. Rinneadh bonneagar soláthair a fheistiú ag dhá láthair. Tá an próiseas soláthair ar bun i gcomhair an chonartha "Ad Blue" agus tosófar ag úsáid an táirge sin i Ráithe 1 2022.

### Bithbhreoslaí

- Faoi láthair úsáideann slabhra soláthair díosail Ghrúpa CIÉ Díosail B0 nach Bithdhíosal é. Tá sé beartaithe Bithdhíosal a thabhairt isteach chun an reachtaíocht ábhartha a chomhlíonadh agus chun déine charbóin Ghrúpa CIÉ a laghdú. Tar éis trialacha a dhéanamh ar innill, tá bithbhreosla formheasta anois lena úsáid in IÉ agus tá tús curtha le próiseas soláthair chun bithbhreosla B7 (tiúchan 7%) a thabhairt isteach ar fud Ghrúpa CIÉ in 2022.

### DART+

- Traenacha Leictreacha Nua (EMUnna) – Síníodh an chéad ordú i gcomhair 13 seit BEMU agus 6 seit EMU (agus 5 charráiste iontu uile) i mí na Nollag 2021. Faoin gcreat soláthair 10 mbliana, féadfaidh traenacha atá á gcumhachtú le bataire tarraingthe luas suas le 50km a dhéanamh i limistéir gan leictriú lasnairde, agus ar an gcaoi sin cuideofar aistriú níos luaithe a bhaint amach chuig seirbhísí iompair phoiblí atá saor ó charbón, agus muid ag fanacht go mbeidh an leictriú tugtha i gcrích.

- Iosta Mhaigh Nuad: Rinneadh athbhreithnithe EED (Dearadh atá Tíosach ar Fhuinneamh) tríd an réamhphróiseas dearaidh chun inbhuanaitheacht an fhoirgnimh a bharrfheabhsú.

### Feithiclí Leictreacha Bóthair

- Tá sé beartaithe ag Iarnród Éireann 15 fheithicil leictreacha eile a cheannach in 2021 don fhoireann Bonneagair, anuas ar na 13 fheithicil atá i mbun seirbhíse faoi láthair.

### Luchtairí i gcomhair Feithiclí Leictreacha (EVanna)

- Suiteáladh 6 Mhearluchtaire EV (50kW) do thiománaithe tacsaí ag 3 láthair faoi scéim arna dreasú ag an Roinn Iompair.
- Pointí mearluchtaithe EV do na baill foirne: Tá soláthar ar bun le haghaidh luchtairí ag 5 láthair eile.

### Comhaontú um Cheannach Cumhachta le haghaidh Leictreachas In-athnuaite

- Tá staidéar féidearthachta tugtha chun críche agus tá tús curtha le próiseas soláthair chun aghaidh a thabhairt ar chomhaontú i leith córas grianphainéal fótavoltach sreinge díreach ar an láthair agus comhaontú eile i leith córas seachtrach grianphainéal fótavoltach sreinge díreach chun cur leis an úsáid a bhainimid as fuinneamh in-athnuaite.

## Na Daoine

### Straitéis IÉ i leith Daoine 2027

In 2021 sheolamar Straitéis Iarnród Éireann i leith Daoine 2027 ina leagtar amach conas a dhéanfar athrú ó bhonn ar ár Seirbhísí i leith Daoine thar shaolré Straitéis Iarnród Éireann 2027. Mar fhreagra ar riachtanais athraitheacha atá ag custaiméirí agus fostaithe agus mar chuid d'aistear an athraithe chultúrtha, tacaíonn Straitéis IÉ i leith Daoine 2027 leis na heagraíochtaí agus le baint amach ár n-uaillmhianta.

Tá Straitéis IÉ i leith Daoine 2027 bunaithe ar cheithre phríomhthosaíocht straitéiseacha.

- Eispéireas an Fhostaí a Chothú
- IÉ mar Rogha Fostóir
- Fórsa Saothair na Todhchaí, agus
- Tacú le Bainisteoirí agus Meas a Léiriú Orthu

Bunaíodh Grúpa Forfheidhmithe ildisciplíneach comhoibríoch a bhfuil lucht gnó agus lucht ceardchumainn páirteach ann chun tacú le feidhmiú agus cur i bhfeidhm éifeachtach na straitéise agus na dtionscadal agus na dtionscnamh a bhaineann léi, agus iad a threorú.



**Ag obair chun cothromaíocht inscne a chur chun cinn, mar aon le deiseanna do mhná laistigh dár bhfórsa saothair.**



## Forbairt agus Earcaíocht Daoine

Le linn 2021, bhí forbairt daoine fós ina príomhthosaíocht. Cuireadh roinnt clár ar bun ag baint úsáid as cineálacha cur chuige cumaiscthe, agus gné fhíorúil san áireamh lena chinntiú go leanfaí ar aghaidh leis an bhforbairt beag beann ar COVID-19. Ina measc siúd bhí cláir "Mná ina gCeannairí" agus clár na cuideachta maidir le daoine a bhfuil gealladh mór fúthu.

Arís eile, leanamar ag earcú daoine i gcomhair raon leathan réimsí gnó, agus muid á chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní ag ár gCláir Oibríochta agus Caipitil chun na seirbhísí a sholáthar. Thugamar faoi phróiseas eile chun printísigh a earcú agus leanamar ar aghaidh lenár gcláir earcaíochta seachtraí le haghaidh Tiománaithe Traenach, Oifigigh Seirbhíse do Chustaiméirí ar na Traenacha, agus Innealtóirí.

## Aghaidh a thabhairt ar Chothromaíocht Inscne

Leathnaíomar an tionscnamh um fhorbairt ban ar fud na píblíne tallainne in 2021 le punann táirgí ceithre chlár: Tosaitheoir luathghairme, "Mná ina gCeannairí" ar dhá leibhéal agus clár maidir le mná a chumasú.

Agus é á aithint go meastar go rachaidh 18% den fhórsa saothair atá ann faoi láthair a ar scor faoi dheireadh 2027, tá Iarnród Éireann ag fostú céimithe ó dhisciplíní éagsúla agus is mná iad 56% de na céimithe a mhealltar chuig an gcuideachta gach bliain.

Cruthaíodh Líonra Mná san Iarnród chun éagsúlacht a fheabhsú in Iarnród Éireann trí dheiseanna líonraithe agus tacaíocht foghlama agus forbartha a sholáthar do mhná sa chuideachta.

Táimid ag tosú ar thorthaí maithe a fheiceáil maidir le mná a mhealladh le haghaidh cláir forbartha, cláir meantóireachta agus deiseanna ardú céime. As measc fórsa saothair nach mná iad ach 10% de na fostaithe ann, is mná atá ag obair i 17% de na róil ardcheannaireachta in IÉ anois, agus tá méadú ag teacht ar líon na mban a chuireann isteach ar chláir maidir le daoine a bhfuil gealladh mór fúthu.

## Comhionannas, Éagsúlacht, agus Cuimsiú

In 2021 rinne Iarnród Éireann tuilleadh forbartha ar an ngealltanas atá tugtha aige a bheith ina fhostóir níos cuimsithí. Bhí meitheal lena gcuimsítear ceardchumainn, bainisteoirí agus fostaithe ag obair ar feadh 2021 chun cláir a chur chun cinn, lena n-áirítear oiliúint maidir le claontacht neamh-chomhfhiosach dár bhfoireann ardbhainistíochta agus dár bhfoireann earcaíochta, seisiúin fócais don fhoireann, agus athbhreithniú ar an mbeartas atá againn maidir le Comhionannas, Éagsúlacht, agus Cuimsiú.

Is baill muid den eagraíocht *Business in the Community Ireland* (Gnó sa Phobal in Éirinn) agus sa cháil sin thacaíomar leis an tionscnamh *World of Work* le dhá scoil agus shíníomar an gealltanas ELEVATE. Faoin ngealltanas sin, bíonn eagraíochtaí ag obair chun ionad oibre ilchineálach, cuimsitheach a bhaint amach.

Arís eile, leathnaíomar ár rannpháirtíocht sa phobal agus ghlacamar páirt sa tionscnamh Open Doors. Faoin tionscnamh sin, tacaítear le daoine imeallaithe sa tsochaí trí chláir oideachais, oiliúna agus fostaíochta.

## An Chomhchomhairle Tionscail

Bunaíodh Comhchomhairle Tionscail nua i mí na Samhna 2021. Is í Margaret Lawlor, atá ina hArd-Bhainisteoir sa Rannóg Idir-Réitigh, Comhairleach agus Idirghabhála den Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus atá i gceannas ar Sheirbhís Chomhairleach na rannóige sin, a bheidh ina Cathaoirleach ar an gComhairle. Tá sé i gceist béim a leagan ar fhadhbanna a réiteach gan dul i muinín chóras caidrimh thionsclaíoch an stáit.

## Sláinte agus Folláine

Déanann Iarnród Éireann a dhícheall sláinte agus folláine na mball foirne go léir a chosaint agus a chur chun cinn. Leanann clár Sláinte agus Folláine Iarnród Éireann an cur chuige atá leagtha amach sa Chreat um Ionad Oibre Sláintiúil atá ag Healthy Ireland agus tá sé ina dhlúthchuid de straitéisí na heagraíochta.

Ba é an sprioc ba thábhachtaí i leith 2021 ná teacht ar thuiscint ar riachtanais na mball foirne agus féachaint chuige go mbeadh baill foirne ar fud na heagraíochta a bheith ag tabhairt aghaidh ar ghnéithe Sláinte agus Folláine. Rinneadh suirbhé ar na baill foirne agus tá go leor clár, beart agus beartas tionscanta nó beartaithe i gcomhair 2022 mar thoradh air sin.

## Ár bPobal Féin

Freastalaíonn Iarnród Éireann ar bhreis is 145 pobal ar fud a ghréasáin, agus in 2021 choinníomar lenár dtiomantas do na pobail sin.

In 2021 ghlacamar páirt in *Open Doors*, tionscnamh atá dírithe ar dheiseanna a sholáthar do chuid de na daoine imeallaithe sa tsochaí agus bealaí chun na hoibre a chothú trí oiliúint, oideachas agus fostaíocht. Chomh maith leis sin, ghlacamar páirt i gclár P-TECH na hÉireann, clár atá dírithe ar an deis a thabhairt do dhaltaí scoile scileanna a fhorbairt a chuideoidh leo sa saol gairmiúil.

Leanamar lenár mballraíocht san eagraíocht *Business in the Community Ireland*, agus go luath in 2022 tugadh aitheantas dúinn as ár gcleachtais ghnó inbhuanaithe, réasúnta, chuimsitheacha a fhorbairt nuair a bronnadh an deimhniú "Gnólachtaí ag Obair go Freagrach" orainn.

Leanamar lenár dtacaíocht do thionscnaimh mheabhairshláinte nuair a ghlacamar páirt i bhFeachtas an Ribín Ghlais de chuid See Change agus lenár n-urraíocht ar *Cycle Against Suicide*.

Ina theannta sin, tugadh chun críche suiteálacha nuálacha ealaíon sráide i gcomhpháirtíocht le pobail áitiúla agus ealaíontóirí clúiteacha i gCill Bharróg agus i Staid Aviva faoi seach.




**Ag obair le grúpaí pobail ar shuiteálacha móra ealaíne, agus Cill Bharróg san áireamh.**

# Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile

## Stiúrthóirí

An tUasal F. Allen (Cathaoirleach)

S. Byrne Uasal

V. Little Uasal

An Dr P. Mulholland

S. Roarty Uasal

An tUasal Tommy Wynne

An tUasal J. Doran

## An Príomhfheidhmeannach

An tUasal J. Meade

## Rúnaí

An tUasal D. McCabe

## Oifig Chláraithe

Stáisiún Uí Chonghaile, Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1

## Teileafón

+353 1 836 3333

## Láithreán Gréasáin

www.irishrail.ie

## Uimhir Chláraithe

119571

## Iniúchóirí

Mazars



### Frank Allen

Comhairleoir neamhspleách airgeadais is ea Frank Allen, a thugann comhairle ar infheistíocht i mbonneagar agus in oibríochtaí i ngeilleagair atá i mbéal forbartha nó i ngeilleagair idirlinne den chuid is mó. Tá sé ina chomhalta boird de chuid Corre Energy B.V., cuideachta fuinnimh in-athnuaite. Bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar an nGníomhaireacht um Fháil Iarnród ó 2002 go 2012 agus roimhe sin bhí sé ina Cheann um Airgeadas Bonneagair ag KBC Bank agus bhí sé ag obair don Bhanc Domhanda in Washington DC. Tá céimeanna bainte amach aige ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus ó Institiúid Teicneolaíochta Massachusetts. Soláthraíonn sé comhairle ar chúrsaí rialachais agus airgeadais do sholáthraithe tithíochta sóisialta agus tá sé ar bhord Chumann Tithíochta Depaul.



### Suzy Byrne

Is Bainisteoir Réigiúnach í Suzy Byrne sa tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas. Is scríbhneoir agus craoltóir í Suzy freisin agus tá céim BA bainte amach aici sa tSocheolaíocht agus sa Bheartas Sóisialta. Is comhalta boird í de Chomhairle na Saoirsí Sibhialta in Éirinn agus is comhairleoir seachtrach í i leith an Chiste Comhionannais atá ag Rethink Ireland.



### James Doran

Ceapadh James (Jimmy) Doran chuig Bord CIÉ i mí na Nollag 2021 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1997 go 2001 agus ceapadh chuig bord Iarnród Éireann é an tráth céanna.

Rinne Jimmy a phrintíseacht san obair leictreach le CIÉ ó 1980-84 agus ansin, tar éis dó a bheith ag obair ar láithreacha tógála i Londain ar feadh sé bliana, d'fhill sé ar Éirinn in 1991 chun teacht ag obair mar leictreoir le Bus Átha Cliath i nGaráiste Chluain Tarbh. Is ansin atá sé ó shin. Toghadh Jimmy ina ionadaí ceardchumainn in 1993. Tá sé ina bhall de Choiste Feidhmiúcháin Náisiúnta an Cheardchumainn Connect, ina chathaoirleach ar a Choiste Comhairliúcháin Náisiúnta um Iompar, agus déanann sé ionadaíocht don cheardchumann ar Choiste Sláinte agus Sábháilteachta Chomhar Ceardchumann na hÉireann (ICTU) agus ar Ghrúpa Iompair ICTU. Tá muintir Jimmy ag obair in earnáil an iompair phoiblí le trí ghlúin anuas agus tá an traidisiún céanna sin acu i leith gníomhaíochas sna ceardchumainn: bhí a sheanathair, fear a raibh an t-ainm céanna leis féin air, i measc bhunaitheoirí IES&FTU, réamhtheachtaí an cheardchumainn *Connect*, in 1920.



### Valerie Little

Chuaigh Valerie Little ar scor ó ESB tar éis di a bheith ag fónamh i roinnt post ardbhainistíochta, lena n-áirítear Bainisteoir Acmhainní Daonna le haghaidh Aonaid Ghnó mhóra, Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí agus Ceann Chisteán an Ghrúpa. Tá MSc sa Chleachtas Bainistíochta bainte amach ar Valerie agus is cuntasóir cáilithe í. D'fhóin sí mar iontaobhaí i gcomhair ciste pinsean mór agus ar choistí iniúchóireachta éagsúla.



## Dr. Peter Mulholland

Tá taithí breis agus tríocha bliain ag Peter Mulholland ag plé le hAcmhainní Daonna san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí. In 2016 d'éirigh sé as an ról a bhí aige le RTÉ mar Cheann Acmhainní Daonna don Ghrúpa, tar éis dhá bhliain déag a bheith caite aige ansin. Roimhe sin bhíodh sé ag obair in earnálacha na n-óstán, an árachais agus na baincéireachta agus leis an bhForas Riaracháin. Tá PhD ag Peter ó Choláiste na Tríonóide agus is Comhalta Cairte é den Institiúid Cairte Pearsanra agus Forbartha (CIPD). Bhíodh sé ina Chathaoirleach Náisiúnta agus ina Chisteoir Náisiúnta ar CIPD in Éirinn agus ina Chomhalta d'Institiúid na hÉireann um Oiliúint agus Forbairt. Tá sé ina chomhalta de Chumann Síceolaíochta na Breataine agus tá cáilíocht bainte amach aige sa phróifíliú síciméadrach. Is iarchomhalta é de Choiste Réigiúnach IBEC i mBaile Átha Cliath agus de Choiste Fadbhreathnaitheachta Acmhainní Daonna IBEC. Tá cáilíocht bainte amach aige maidir le cóitseáil feidhmeannach agus cóitseáil ghnó/phearsanta.



## Sarah Roarty

Tháinig Sarah Roarty chuig an mBord i mí Aibreáin 2019. Tá céim sa Cheimic bainte amach aici, agus tá taithí fhairsing aici in earnálacha na heolaíochta, na teicneolaíochta míochaine agus na cógaisíochta ar leibhéal ardbhainistíochta, taithí a fuair sí i dtionscail den chéad scoth ar fud na hEorpa. Faoi láthair tá sí ina Bainisteoir Forbartha Fiontair le *Action Tuam*. Bhí Sarah ina Leas-Uachtarán ar an mBord agus ina Cathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca do Chomhar Creidmheasa Naomh Iarla. Tá sí ina comhalta de Choiste Iniúchóireachta Chomhairle Contae na Gaillimhe faoi láthair. Bhunaigh Sarah an carthanas cláraithe *Angelman Syndrome Ireland*, a chuireann chun cinn comhdheiseanna, cumasú agus inrochtaineacht dóibh siúd a bhfuil Siondróm Angelman orthu agus dá dteaghlach. Tá sí ina cathaoirleach ar an eagraíocht sin.



## Tommy Wynne

Ceapadh Tommy Wynne chuig Bord CIÉ i mí na Nollag 2013 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001 agus chuig bord Iarnród Éireann an tráth céanna. Thosaigh Tommy le hIarnród Éireann mar fhear iosta in 1991 agus thosaigh sé ag obair mar thiománaí traenach in 1994. Tá Ard-Dioplóma in Oibríochtaí Idirnáisiúnta Iarnróid ag Tommy ón *Glasgow Caledonia University*. Faoi láthair tá sé ina Uachtarán ar an Rannóg TEAC le SIPTU agus ina Chathaoirleach ar an Earnáil Iompair in SIPTU.

Tá a dtuarascáil bhliantúil á cur i láthair ag na stiúrthóirí i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 agus faoin Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986, i leith na bliana airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2021.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tá a dtuarascáil bhliantúil á cur i láthair ag na stiúrthóirí i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 agus faoin Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986, i leith na bliana airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2021.

## Ráiteas um Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na stiúrthóirí freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí, 2014 agus leis na rialacháin is infheidhme.

Faoi dhlí na gcuideachtaí in Éirinn, ceanglaítear ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i leith gach bliana airgeadais. Faoin dlí sin, chinn na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann ("an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha"). Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní fhéadfaidh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhormheas mura bhfuil siad deimhin de go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus caillteanas na Cuideachta i leith na bliana airgeadais, agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí, 2014 i ngach slí eile.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú i gcomhair Ráitis Airgeadais na Cuideachta agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin.
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama.
- a shonrú ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme agus na caighdeáin sin atá i gceist a shainaithint, agus aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin sin a thabhairt ar aird agus a mhíniú.
- scairshealbhóirí na Cuideachta a chur ar an eolas i scríbhinn faoi úsáid díolúintí nochta, más ann, faoi FRS 102; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh an Chuideachta i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an Chuideachta, nó go gcuireann sí faoi deara go gcoinneofaí, taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ina ndéantar idirbhearta na Cuideachta a mhíniú agus a thaifeadadh go cruinn, a fhágann gur féidir, tráth ar bith, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús agus caillteanas na Cuideachta a chinneadh go réasúnta cruinn, a chuireann ar a gcumas dóibh a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí ag cloí le hAcht na gCuideachtaí, 2014 agus a fhágann gur féidir na ráitis airgeadais a iniúchadh. Chomh maith leis sin, tá siad freagrach as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá na stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin na Cuideachta. Ní gá gurb ionann an reachtaíocht in Éirinn maidir le hullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht atá i bhfeidhm i ndlínsí eile.

## Gnóthas Leantach

Tá geilleagar na hÉireann ag teacht chuige féin ón drochthionchar a bhí ag COVID-19 air. Is fearr a tháinig an gnó tráchtála ar ais chuige féin ná an gnó OSP. Rinne na stiúrthóirí breithniú mionsonraithe ar chineál na héiginnteachta atá roimh an gCuideachta féachaint an raibh sé fós iomchuí bonn an ghnóthais leantaigh a ghlacadh agus na ráitis airgeadais i leith 2021 á n-ullmhú. Seo a leanas achoimre ar na príomhúdair éiginnteachta atá ag Iarnród Éireann:

### Éiginnteacht maidir leis an nGeilleagar ar Domhan

Mar gheall ar an gcogadh san Úcráin, a thosaigh an 24 Feabhra 2022, géaraíodh roinnt de na rioscaí ginearálta gnó. Bhí cuid de na rioscaí sin le feiceáil go soiléir roimh mhí Feabhra ach is mó éiginnteachta a bhaineann le cuid acu anois ó thaobh dóchúlachta agus tionchair de. Áirítear orthu sin an seans go gcuirfí isteach ar sholáthairtí fuinnimh chomh maith le méadú tobann ar phraghsanna, an seans go gcuirfí isteach ar shlabhraí soláthair agus an seans go dtiocfaidh méadú eile ar phraghsanna, chomh maith le laghdú ar ghníomhaíocht gheilleagrach agus ar an leibhéal caiteachais i measc tomhaltóirí.

### Seirbhísí OSP

In 2022, feidhmeoidh Iarnród Éireann faoi chonradh OSP glanchostais faoina gcoimeádfaidh an chuideachta ioncam ó tháillí agus tá sé curtha in iúl ag an Údarás Náisiúnta Iompair go mbeidh samhail chistithe na bliana 2021 fós i bhfeidhm i leith 2022. Aistreoidh Iarnród Éireann chuig conradh OSP ollchostais ón 1 Eanáir 2023, faoina seolfaidh sé ioncam ó bhoscaí táillí díreach chuig an Údarás Náisiúnta Iompair agus faoina n-aisíocfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair leis an gcuideachta na hollchostais a bhaineann le seirbhísí a sholáthar faoin gconradh.

Tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an lucht bainistíochta bhreithnigh na stiúrthóirí an méid cistithe is dócha a bheadh ag teastáil i leith 2022 agus 2023. Áiríodh leis sin breithniú ar rannpháirtíocht an lucht bainistíochta le príomh-gheallshealbhóirí, ar Bhuiséad an Státchiste 2021, agus ar an bhfaisnéis ábhartha go léir atá ar fáil go poiblí. Tá na stiúrthóirí deimhin de go bhfuil sé fós ar intinn ag an Údarás Náisiúnta Iompair go soláthrófar cistiú don Chuideachta i gcomhréir leis na seirbhísí OSP arna n-iarraidh.

Gné riachtanach de mheasúnú na stiúrthóirí ar staid airgeadais na Cuideachta arbh ea an toimhde go bhféadfaí leibhéil iomchuí cistithe OSP a sholáthar. Tá na stiúrthóirí deimhin de:

- go bhfuil sé fós ar intinn ag an Údarás Náisiúnta Iompair cistiú a sholáthar d'Iarnród Éireann ionas gur féidir leis leanúint ar aghaidh in 2022 ag soláthar Seirbhísí OSP arna n-iarraidh ag an Údarás.
- gur fhág an phleanáil a rinneadh go bhféadfaí measúnaithe réasúnta a dhéanamh ar an leibhéal cistithe is dócha a bheidh ag teastáil i leith 2022 agus 2023.
- go bhfuil soláthar leordhóthanach i mbuiséad an Státchiste chun leanúint ar aghaidh leis na Seirbhísí OSP in 2021.
- go bhfaighidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair cistiú leordhóthanach ón Státchiste chun íoc as soláthar na seirbhísí arna n-iarraidh.

Ba mhaith leis na stiúrthóirí aitheantas a thabhairt don chistiú breise a fuarthas tríd an Údarás Náisiúnta Iompair agus an Státchiste ó thosaigh an phaindéim, rud a chuir ar ár gcumas dúinn leanúint ar aghaidh ag soláthar seirbhísí iompair phoiblí riachtanacha.

Feidhmíonn an Grúpa córas cisteáin chomhthiomsaithe agus braitheann Iarnród Éireann ar shaoráidí baincéireachta an Ghrúpa chun a chuid oibríochtaí a bhainistiú i gcomhréir leis an bplean gnó formheasta. Tá fianaise ar thacaíocht leanúnach Ghrúpa CIÉ d'Iarnród Éireann sa Litir Thacaíochta ó CIÉ chuig Iarnród Éireann dar dáta an 6 Aibreán 2022.

Leagtar amach tuilleadh sonraí i Nóta 2 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

## Príomhghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú Airgeadais

Is iad príomhghníomhaíochtaí na Cuideachta seirbhísí idirchathrach (Intercity) agus seirbhísí Iarnróid Comaitéireachta a sholáthar do phaisinéirí, mar aon le seirbhísí lastais agus Europort Ros Láir a bhainistiú.

Is i seilbh Chóras Iompair Éireann (CIÉ), comhlacht reachtúil atá ar lánúinéireacht ag Rialtas na hÉireann agus a thuairiscíonn don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, atá 100% de scairchaipiteal eisithe na Cuideachta.

Déanann an Chuideachta faireachán rialta ar a feidhmíocht trí raon príomhtháscairí feidhmíochta i dtaobh oibriúcháin agus airgeadais. Sna hathbhreithnithe sin ón lucht bainistíochta agus na stiúrthóirí, tá béim mhór á leagadh ar bhainistíocht costas, cur chuige a d'fhág gur cuireadh feabhas ar chaighdeán agus éifeachtacht na seirbhísí do na custaiméirí go léir. Léiríonn torthaí na bliana 2021 gur méadú €0.8m a bhí i gceist leis an ioncam €144.5m (2020: €143.7m) ó oibríochtaí i leith na bliana. Ba é méid an fhóirdheontais um Oibleagáid Seirbhíse Poiblí ("OSP") a fuarthas in 2021 ná €226.7m (2020: €239.3m), sin laghdú €12.6m bliain ar bhliain. An cistiú eile €547.7m (2020: €332.8m) ón státchiste a fuarthas i leith na bliana, is méadú €214.9m atá i gceist leis, lena n-áirítear fóirdheontas tacaíochta pá COVID-19 €41.5m.

Tháinig méadú €16.1m le hais na bliana roimhe sin ar na costais oibriúcháin, roimh chostais eisceachtúla, go dtí €523.8m (2020: €507.7m), agus ba é an chúis ba mhó a bhí leis sin ná gur fhilleamar ar sheirbhísí iomlána agus gur cuireadh leis na gníomhaíochtaí cothabhála.

Thaifead an Chuideachta glanbharrachas €2.6m (2020: €2.5m) roimh chánachas.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)

Tá áthas ar na stiúrthóirí a thuairisciú gur comhlíonadh go hiomlán, i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2021, na spriocanna bliantúla a bhí aontaithe idir an Chuideachta agus an tÚdarás Iompair Náisiúnta.

Níor íocadh ná níor fógraíodh aon díbhinní in 2021 ná in 2020.

## Príomhrioscaí agus Príomhábhair Neamhchinnteachta

Tá an Chuideachta tiomanta do rioscaí a bhainistiú ar bhealach córasach, smachtaithe. Tríd an gcreat bainistíochta rioscaí, aithnítear na príomhrioscaí atá ag bagairt ag an gCuideachta agus ullmhaítear pleananna gníomhaíochta chun na rioscaí a mhaolú. Cuirtear na príomhrioscaí agus na bearta maolaitheacha faoi bhráid an bhoird gach ráithe. Déantar iniúchadh seachtrach ar an gcóras agus ar na próisis bainistíochta rioscaí ar bhonn bliantúil.

## Bainistíocht Rioscaí Airgeadais

Fágann oibríochtaí na Cuideachta go bhfuil sí neamhchosanta ar rioscaí airgeadais éagsúla lena n-áirítear riosca leachtachta, praghasriosca agus riosca creidmheasa. Tá próisis agus nósanna imeachta bainistíochta rioscaí airgeadais i bhfeidhm ag Grúpa CIÉ, dá bhfuil an Chuideachta ina bhall, chun neamhchosaint airgeadais sin na Cuideachta agus rioscaí airgeadais eile atá ag bagairt ar Ghrúpa CIÉ a bhainistiú.

Chun cobhsaíocht na n-eis-sreafaí airgid a áirithiú agus an riosca airgeadais a bhainistiú, baineann CIÉ, an máthaireintiteas, leas as ionstraimí airgeadais díorthaigh i gcomhréir leis an tsonraíocht a ghabhann leis an Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe, 1992, lena n-údaraítear go n-úsáidfeadh CIÉ ionstraimí airgeadais lena n-áirítear conarthaí babhtála tráchtearraí.

Is é Bord CIÉ a dhéanann formheas ar Bheartas Cisteáin Ghrúpa CIÉ, ina ndéantar doiciméadú ar bheartais Ghrúpa CIÉ maidir le bainistíocht rioscaí airgeadais, agus cuireann Rannóg Cisteáin Ghrúpa CIÉ chun feidhme é.

### Praghasriosca

Tá an Chuideachta neamhchosanta ar phraghasriosca tráchtearraí mar thoradh ar a cuid oibríochtaí, go háirithe praghas ola. Téann CIÉ i mbun conarthaí babhtála tráchtearraí chun maolú a dhéanamh ar neamhchosaint Ghrúpa CIÉ ar ghluaiseachtaí i bpraghsanna ola. Níl an Chuideachta ina páirtí sna conarthaí sin.

### Riosca Malairte Eachtraí

Tá Grúpa CIÉ, agus an Chuideachta, neamhchosanta ar riosca malairte eachtraí sa ghnáthchúrsa gnó, go háirithe i ndáil le ceannacháin agus díolacháin i steirling agus i ndollar na Stát Aontaithe. Úsáideann Grúpa CIÉ idir ghlanluacháil i measc an ghrúpa ar shreafaí airgid atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha, agus chonarthaí réamh-mhalairte chun maolú a dhéanamh ar a neamhchosanta atá Grúpa CIÉ agus an Chuideachta ar ghluaiseachtaí sa ráta malairte. Téann CIÉ i mbun réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh chun maolú a dhéanamh ar an riosca atá ann de bharr idirbhearta airgeadais a bheith ainmnithe in airgeadra seachas an euro. Níl an Chuideachta ina páirtí sna conarthaí sin.

### Riosca i dtaobh Leachtachta

Cinntíonn Grúpa CIÉ ar bhonn gníomhach go bhfuil idir mhaoiniú fiachais fhadtéarmaigh agus mhaoiniú fiachais ghearrthéarmaigh aige atá ceaptha lena áirithiú go bhfuil cistiú imleor ar fáil don Ghrúpa, lena n-áirítear an Chuideachta, le haghaidh oibríochtaí ó lá go lá.

## An Bord

Is tríd an mbord stiúrthóirí atá an Chuideachta á rialú. Is iad príomhróil an bhoird cuspóirí straitéiseacha na Cuideachta a fhormheas agus athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht na Cuideachta i gcomparáid leis na príomhtháscairí feidhmíochta. Is ann do sceideal nithe atá le formheas ag an mbord, a thagann le chéile seacht n-uaire in aghaidh na bliana ar a laghad.

## An Fhoireann Ardbhainistíochta

Tá Foireann Ardbhainistíochta na Cuideachta freagrach as bainistíocht laethúil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na Cuideachta arna dtarmligean ag an mBord. Tá an Fhoireann Ardbhainistíochta faoi rialú ag struchtúr eagraíochta atá ceaptha chun freastal ar riachtanais na heagraíochta i réimsí lena n-áirítear: Gnóthas Iarnróid, Bainisteoir Bonneagair, Airgeadas, Cúrsaí Tráchtála, Bainistíocht Riosca, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise, Sábháilteacht agus Cumarsáid Chorparáideach. Ina theannta sin, tá an Fhoireann Ardbhainistíochta freagrach as comhordú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí ó thaobh tuairiscithe agus rialachais i ndáil leis an gCuideachta.

## An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá tús áite fós á thabhairt ag stiúrthóirí Iarnród Éireann d'ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh a choinneáil ar bun. Tá a bheartas rialachais chorparáidigh féin curtha i dtoll a chéile ag an mBord chun éifeacht a thabhairt don Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, cód atá eisithe ag an Roinn Airgeadais.

Leagtar amach i dtuarascáil bhliantúil Ghrúpa Chóras Iompair Éireann na sonraí maidir le beartais agus nósanna imeachta an Ghrúpa arna gcur chun feidhme ag an gCuideachta i ndiaidh fhoilsiú an Chóid Chleachtais Chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Tá an tuarascáil sin le feiceáil ar láithreán gréasáin CIÉ ag www.CIE.ie.

## Costais an Bhonneagair Iarnróid

I gcomhréir le Treoir AE 91/440 ón gComhairle, ceanglaítear ar Iarnród Éireann a áirithiú go gcoimeádtar ar leithligh na cuntais i dtaobh ghnó na seirbhísí iompair agus na cuntais a bhaineann le bainistiú an bhonneagair iarnróid. Cinntear na costais bhonneagair i gcomhréir le hIarscríbhinn 1A a ghabhann le Rialachán AE Uimh. 2598/70.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach

### Raon Feidhme na Freagrachta

Aithníonn Iarnród Éireann (IÉ) an fhreagracht atá air maidir lena áirithiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

### Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú ionas go mbeidh sé ar leibhéal inghlactha, agus ní chun fáil réidh leis ar fad. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath go tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in IÉ don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus go dtí an dáta ar ar formheasadh na ráitis airgeadais.

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) ag IÉ, agus déantar foráil i gCairt agus Téarmaí Tagartha an Choiste maidir le suas le triúr Comhaltaí Boird a cheapadh chuig an gcoiste, a nglacfaidh duine acu ról an Chathaoirligh. Tháinig CIR le chéile cúig huaire in 2021.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ag CIÉ freisin, a bhfuil dóthain acmhainní aici agus a bhíonn ag gabháil do chlár oibre arna aontú le CIR.

Chomh maith leis sin, tá Grúpa Comhairleach Bonneagair ag an mbord chun faireachán a dhéanamh ar athnuachan an bhonneagair, bainistíocht tionscadal mór-bhonneagair, comharthaíocht, tionscadail leictreacha agus teileachumarsáide agus feidhmíocht. Cabhraíonn an Grúpa Comhairleach Traenacha leis an mbord le ceisteanna a bhaineann le heispéireas agus braistint na gcustaiméirí, straitéisí tráchtála, innealtóireacht traenach, athruithe rialála agus rioscaí gnó. Cuireann Coiste Sábháilteachta an Bhoird comhairle ar an mBord maidir le cúrsaí sábháilteachta ar fud an ghnólachta.

### An Acmhainneacht i dtaobh Rioscaí a Láimhseáil

Tá Creat Bainistíochta Rioscaí curtha i bhfeidhm ag IÉ lena ndéantar soláthar i gcomhair na n-acmhainní, an rialachais agus na gcóras dearbhaithe go léir atá de dhíth lena áirithiú go n-aithneofar na rioscaí go léir a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar bhaint amach chuspóirí na Cuideachta, go ndéanfar iad a bhainistiú agus go dtabharfar tuairisc ina leith i gcomhréir leis an bhfonn riosca atá ar an gCuideachta. Tá an Creat sin formheasta ag Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin IÉ agus ag Bord IÉ.

### An Creat Riosca agus Rialaithe

Leagtar amach sa Chreat formheasta cuspóirí IÉ, an fonn riosca atá air, agus na critéir atá leagtha síos ag an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin chun meastóireacht a dhéanamh ar rioscaí. Cuirtear in iúl an fonn riosca atá ar IÉ mar bheartas céimnithe bainistíochta agus tuairiscithe i leith cineálacha éagsúla rioscaí.

Is iad na comhaltaí aonair den Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin atá freagrach as rioscaí a aithint, agus iad ag brath ar acmhainní a gcuid ranna féin. Tá gach duine den Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin freagrach as a áirithiú go gcuirtear aithint rioscaí san áireamh go hiomlán i ngníomhaíochtaí laethúla na ndaoine atá ag obair ina gcuid réimsí freagrachta, a mhéid is go ndéanfar na rioscaí go léir a eascraíonn ó na réimsí sin, nó a mbíonn tionchar

# Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)

acu orthu, a aithint. Ansin sanntar duine aonair mar Úinéir Riosca i gcás gach riosca a aithníodh. Is é nó í an té sin atá freagrach as anailís bhreise agus meastóireacht a dhéanamh ar an riosca atá i gceist, déileáil leis agus tuairisc a thabhairt ina leith, i gcomhréir leis an gCreat.

Chun taifeadadh a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí ó lá go lá faoin bpróiseas sin, tá Córas Faisnéise Bainistíochta Rioscaí curtha i bhfeidhm ag IÉ. Dearadh an córas bogearraí sin de réir na bprionsabal atá leagtha amach in ISO 31000, sa chaoi is nach mór d'Úinéirí Riosca, agus gníomhaithe eile, cur chuige comhsheasmhach, stuama a ghlacadh ag gach céim den phróiseas bainistíochta rioscaí.

## Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá comhaltaí na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin freagrach as an gCóras Faisnéise Bainistíochta Rioscaí a úsáid chun faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht an phróisis bainistíochta rioscaí ar fad ó lá go lá.

Chun an próiseas bainistíochta rioscaí a chomhordú, chun bainistiú a dhéanamh ar réimsí freagrachta atá ag teacht trasna ar a chéile, agus chun féachaint chuige gur aithníodh na Príomhrioscaí atá ag bagairt ag an gCuideachta, cuireann Príomhfheidhmeannach IÉ athbhreithniú ar bhainistíocht rioscaí san áireamh ag gach cruinniú míosúil den Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin. Déantar liosta de na Príomhrioscaí atá ag bagairt ar IÉ, lena n-áirítear na rioscaí go léir a d'fhéadfadh samhail ghnó na cuideachta, a feidhmíocht, a sócmhainneacht nó a leachtacht a chur i mbaol amach anseo, a chomhaontú agus déanta athbhreithniú piaraí ar an liosta sin ag gach cruinniú míosúil.

Gach ráithe, tugann Príomh-Oifigeach Bainistíochta Rioscaí IÉ tuarascáil don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ina leagtar amach an fhaisnéis go léir is gá chun cineál agus méid na bPríomhrioscaí sin a shoiléiriú, mar aon leis an seans go dtarlóidh siad agus a mhéid a dhéanfar iad a bhainistiú nó a mhaolú. Ina theannta sin, cuirtear tuarascáil ar an Príomhrioscaí faoi bhráid an Ghrúpa Chomhairligh ábhartha de chuid Bhord IÉ i bhfoirm Tuarascálacha faoi Mhionsonraí Riosca aonair, ina leagtar amach an fhaisnéis uile atá ar taifead ar an gCóras Faisnéise Bainistíochta Rioscaí a bhaineann leis an riosca atá i gceist.

Chun dearbhú breise a thabhairt go ndearnadh na rioscaí intuartha go léir a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar bhaint amach chuspóirí IÉ a aithint agus a bhainistiú, agus go gcuirfear Bord IÉ ar an eolas go leordhóthanach faoi na Príomhrioscaí atá ag bagairt ar an gCuideachta, gach bliain fostaíonn IÉ Comhlacht Dearbhaithe Rioscaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis bainistíochta rioscaí na Cuideachta. Ceanglaítear ar an gcomhlacht sin measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht na bpróiseas trína ndéantar rioscaí a shainaithint, iad a chur in ord tosaíochta, iad a bhainistiú agus tuairisc a thabhairt ina leith. Déantar torthaí an mheasúnaithe sin a bhreacadh síos i dtuarascáil a chuirtear faoi bhráid Choiste Iniúchóireachta agus Riosca IÉ agus faoi bhráid Bhord IÉ.

## Soláthar

Tá sé ina bheartas ag an gCuideachta cloí leis an reachtaíocht maidir le soláthar poiblí. Ní raibh aon chás neamhchomhlíontachta ann i rith na bliana ar ghá don Chuideachta é a thuairisciú.

Tá maolú tugtha do Ghrúpa CIÉ ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Stáit faoina gceanglaítear foráil an Chóid a chomhlíonadh ach faoina gceadaítear tairseach conarthaí/íocaíochtaí €50,000 in ionad €25,000 mar gheall ar mhéid na gceannachán a dhéanann Grúpa CIÉ agus mar gheall ar an gcostas breise a ghabhann le faisnéis a sholáthar ag an teorainn íochtair.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Éilítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go ndéanfar athbhreithniú seachtrach ar bhonn tréimhsiúil ar éifeachtacht chreat bainistíochta rioscaí gach Comhlachta Stáit. Fostaíodh BDO chun athbhreithniú a dhéanamh ar Chreat Bainistíochta Rioscaí na Cuideachta i mí Dheireadh Fómhair 2021.

Fuarthas go raibh IÉ ag cloí leis an gCód.

Ina theannta sin, dearbhaíonn IÉ go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm aige chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a chuid nósanna imeachta maidir le rioscaí a bhainistiú agus a rialú. An faireachán agus an t-athbhreithniú a dhéanann IÉ ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, bíonn sé bunaithe ar an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus na hiniúchóirí seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta in IÉ atá freagrach as forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Dearbhaíonn IÉ go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha i leith na bliana 2021.

### Saincheisteanna a bhaineann le Rialú Inmheánach

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach i leith na bliana 2021 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

## Faisnéis

Dáiltear tuarascálacha agus páipéir ar na stiúrthóirí go tráthúil chun ullmhú i gcomhair cruinnithe boird agus cruinnithe coiste. Cuirtear faisnéis a iarrann na stiúrthóirí go sonrach ó am go ham leis na páipéir sin.

Faigheann na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin cuntais thréimhsiúla bhainistíochta agus tuarascálacha agus faisnéis bhainistíochta rialta a chuireann ar a gcumas dóibh grinnscrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht na Cuideachta agus na foirne bainistíochta os coinne na gcuspóirí comhaontaithe.

## Taifid Chuntasaíochta

Is iad na bearta atá glactha ag na stiúrthóirí lena áirithiú go gcomhlíonfar oibleagáid na Cuideachta i dtaobh leabhair chuntais chuí a choimeád ná córais agus nósanna imeachta cuí a úsáid agus daoine a fhostú atá cáilithe go cuí. Coinnítear na taifid chuntasaíochta ag ceannoifig na Cuideachta ag Stáisiún Uí Chonghaile, Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1.

## Teagmhais ó Dheireadh na Bliana Airgeadais

### Laghdú Táillí

An 9 Márta 2022, d'fhógair an tAire Iompair go laghdófaí táillí OSP.

Is é an toradh a bheidh ar an bhfógra sin ná laghdú €0.4m ar ioncam ó phaisinéirí i leith 2021, arna lán-fhritháireamh le cúiteamh breise OSP dar luach €0.4m.

### Éiginnteacht maidir leis an nGeilleagar ar Domhan

An 24 Feabhra 2022 thosaigh cogadh san Úcráin. Bhí iarmhairtí geilleagracha aige sin a chuir le déine roinnt rioscaí gnó. Bhí formhór na rioscaí sin le feiceáil go soiléir roimh mhí Feabhra ach is mó éiginnteachta a bhaineann le cuid acu anois ó thaobh dóchúlachta agus tionchair de.

Áirítear leis na rioscaí gnó sin

- An baol go gcuirfear isteach ar sholáthar fuinnimh, ganntanas amhábhar, agus méadú géar ar phraghsanna
- Méaduithe breise ar chostais mhaireachtála agus an baol go dtiocfaidh laghdú ar an gcaiteachas a dhéanann tomhaltóirí agus ar ghníomhaíocht gheilleagrach
- Luaineacht sna margaí airgeadais
- Baol níos mó go dtarlóidh cibearionsaithe

Leanfaidh an Chuideachta ar aghaidh ag déanamh measúnú ar an tionchar airgeadais agus déanfaidh sí bainistiú ar mhéid na rioscaí gnó gaolmhara.

Chinn an Chuideachta gur imeacht é sin nach gá coigeartú a dhéanamh ar an gclár comhardaithe ina leith. Dá réir sin, ní gá aon choigeartú a dhéanamh ar staid airgeadais agus ar thorthaí oibríochtaí amhail an 31 Nollaig 2021 i leith na bliana dar chríoch ar an dáta sin.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an Chuideachta lántiomanta do chomhlíonadh fhorálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus do chomhlíonadh gach rialachán náisiúnta eile agus gach rialachán de chuid an Aontais Eorpaigh. Coinnítear an Córas Bainistíochta Sábháilteachta faoi athbhreithniú agus nuashonraítear ar bhonn leanúnach é.

## An tAcht um Shábháilteacht Iarnróid, 2005

Tá an tAcht um Shábháilteacht Iarnróid, 2005 fós á chomhlíonadh ag Iarnród Éireann.

## Na Rialacháin um Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála, 2013

Admhaíonn na stiúrthóirí go bhfuil siad freagrach as a áirithiú go gcomhlíonfar, i ngach ponc ábhartha, forálacha Rialacháin Leasaithe na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2013. Tá nósanna imeachta curtha chun feidhme maidir leis na dátaí ar a bhfuil sonraisc iníoctha a aithint agus maidir le féachaint chuige go ndéanfar gach íocaíocht roimh na dátaí sin. Le nósanna imeachta den sórt sin, tugtar dearbhú réasúnach i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha na rialachán. In 2021, íocadh €19,000 (2020: €23,000) san iomlán le soláthraithe tríú páirtí faoi na rialacháin.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)

## Stiúrthóirí

Is é an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a cheapann stiúrthóirí na Cuideachta. Seo thíos ainmneacha na ndaoine a bhí ag feidhmiú mar stiúrthóirí i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2021 nó a ceapadh ó shin i leith. D'fhóin siad mar stiúrthóirí ar feadh na bliana go léir mura luaitear a mhalairt.

| | |
|---|---|
| Frank Allen | |
| Suzy Byrne | |
| Carolyn Griffiths | * d'éirigh as 05/11/2021 |
| Denise Guinan | * d'éirigh as 30/11/2021 |
| Valerie Little | |
| Mal McGreevy | * d'éirigh as 29/10/2021 |
| An Dr Peter Mulholland | |
| Sarah Roarty | |
| Thomas Wynne | |
| James Doran | * d'éirigh as 01/12/2021 |

Seo thíos tinreamh na stiúrthóirí boird ag cruinnithe boird i rith na bliana 2021:

| | **Tinreamh** |
|---|---|
| Frank Allen | 6/6 |
| Suzy Byrne | 6/6 |
| Carolyn Griffiths | 5/5 |
| Denise Guinan | 6/6 |
| Valerie Little | 6/6 |
| Mal McGreevy | 5/5 |
| An Dr Peter Mulholland | 6/6 |
| Sarah Roarty | 6/6 |
| Tommy Wynne | 6/6 |

Ní raibh leas ar bith ag aon duine de na stiúrthóirí ná ag an rúnaí i scair ná bintiúr ar bith de chuid na Cuideachta, dá Cuideachta Sealbhaíochta ná dá comh-fhochuideachtaí tráth ar bith le linn na bliana. Ní raibh aon chonarthaí ná socruithe ábhartha a rinneadh i gcaitheamh na bliana ina raibh leas ag stiúrthóir i dtaca le gnó na Cuideachta.

## Cothromaíocht Inscne ar an mBord

Amhail an 31 Nollaig, mná arbh ea triúr (43%) de chomhaltaí an Bhoird agus fir arbh ea ceathrar (57%) acu, agus trí phost a bhí le líonadh.

Fágann sé sin go gcomhlíonann an Bord sprioc an Rialtais i dtaobh ionadaíocht 40% ar a laghad a bheith ag gach inscne ar na Boird Stáit.

Tá na bearta seo a leanas beartaithe chun cothromaíocht inscne ar an mBord seo a choinneáil ar bun agus a chothú:

- Nuair a thagann folúntas ar bith i gceist, cuirfear an tAire ar an eolas más rud é go bhféadfadh aon impleacht a bheith ag an bhfolúntas sin i leith cothromaíocht inscne.
- Tabharfar cothrom le dáta Beartas Iarnród Éireann um Chomhionannas ag an Obair chun Comhionannas Inscne a chuimsiú sna forálacha i leith bhallraíocht an Bhoird.

## Grúpaí Comhairleacha Iarnród Éireann

Tá na coistí agus na grúpaí comhairleacha seo a leanas bunaithe laistigh d'Iarnród Éireann agus é ina aidhm leo comhairle a chur ar an mbord maidir le gnéithe straitéiseacha agus gnéithe teicniúla agus athbhreithniú piaraí a dhéanamh ar thograí ón lucht bainistíochta. Seo a leanas sonraí maidir leis na grúpaí a chuireann comhairle ar bhord Iarnród Éireann agus a gcomhaltaí neamhfheidhmiúcháin.

## Coiste Sábháilteachta an Bhoird

Bunaíodh Coiste Sábháilteachta Bhord Iarnród Éireann chun comhairle a chur ar bhord Iarnród Éireann agus ar an lucht feidhmiúcháin maidir le saincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht na bpaisinéirí, na n-oibrithe, na gconraitheoirí, comharsan agus an phobail i gcoitinne. Tá na daoine seo a leanas sa Ghrúpa:

| | | **Tinreamh** |
|---|---|---|
| Sarah Roarty | Stiúrthóir de chuid Iarnród Éireann (Cathaoirleach) | 4/4 |
| Mal McGreevy | Stiúrthóir de chuid Iarnród Éireann | 3/3 |
| Carolyn Griffiths | Stiúrthóir de chuid Iarnród Éireann | 4/4 |
| Tommy Wynne | Oibrí is Stiúrthóir | 4/4 |

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ("CIR")

Is áis chumarsáide idir an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí, na hiniúchóirí seachtracha agus bord Iarnród Éireann é an Coiste seo de chuid Iarnród Éireann agus is áis atá ann freisin chun ráitis airgeadais bhliantúla, rialuithe inmheánacha, bainistíocht rioscaí agus próisis rialachais in Iarnród Éireann a athbhreithniú, tuairisc a thabhairt orthu agus moltaí a dhéanamh leis an mbord ina leith. Chomh maith leis sin, déanann sé príomhthátail na n-imscrúduithe inmheánacha a mheas, mar aon le tuarascálacha ó na hiniúchóirí inmheánacha agus freagraí ón lucht bainistíochta. Tá na daoine seo a leanas sa Ghrúpa:

| | | Tinreamh |
|---|---|---|
| Valerie Little (Cathaoirleach) | Stiúrthóir de chuid Iarnród Éireann | 5/5 |
| Suzy Byrne | Stiúrthóir de chuid Iarnród Éireann | 5/5 |
| Mal McGreevy | Stiúrthóir de chuid Iarnród Éireann | 4/4 |
| An Dr Peter Mulholland | Stiúrthóir de chuid Iarnród Éireann | 1/1 |

## An Grúpa Comhairleach um Acmhainní Daonna

Bunaíodh an Grúpa Comhairleach um Acmhainní Daonna lena áirithiú go bhfuil maoirseacht straitéiseach á déanamh ar fud na feidhme Acmhainní Daonna ar mhaithe le hathrú chun feabhais a bhaint amach in Iarnród Éireann. Tá na daoine seo a leanas sa Ghrúpa:

| | | Tinreamh |
|---|---|---|
| An Dr Peter Mulholland (Cathaoirleach) | Stiúrthóir de chuid Iarnród Éireann | 4/4 |
| Valerie Little | Stiúrthóir de chuid Iarnród Éireann | 4/4 |

## Coiste Luacha Saothair an Bhoird

Tá sainordú ag Coiste Luacha Saothair an Bhoird, thar ceann Bhord Iarnród Éireann, a áirithiú go gcuirfear chun feidhme beartas an Rialtais maidir le luach saothair na Stiúrthóirí agus an Phríomhfheidhmeannaigh. Tá sé de chúram air freisin formheas a dhéanamh ar phacáiste luacha saothair agus ceapadh an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, agus gach bainisteora shinsearaigh a thuairiscíonn go díreach don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Tá na daoine seo a leanas ar an gCoiste:

| | | Tinreamh |
|---|---|---|
| Valerie Little (Cathaoirleach) | Stiúrthóir de chuid Iarnród Éireann | 2/2 |
| Frank Allen | Cathaoirleach ar Iarnród Éireann | 2/2 |
| Mal McGreevy | Stiúrthóir de chuid Iarnród Éireann | 1/1 |

## An Grúpa Comhairleach um Infheistíocht Chaipitiúil

Bunaíodh an grúpa seo in 2021 chun faireachán a dhéanamh ar chláir agus ar thionscadail infheistíochta caipitiúla, chun iarratais chuig an mBord a mheas agus chun dearcadh neamhspleách a sholáthar don Bhord ar na haschuir ón bhfaireachán agus ó na measúnuithe sin. Beartaítear go gcabhróidh an Grúpa Comhairleach leis an mBord dúshlán ar leibhéal cuí a thabhairt i leith na bainistíochta tionscadail sula ndéanfar príomhchinntí maidir le dearadh agus tógáil, struchtúr conarthaí, soláthar, rialú buiséad agus clár, agus bainistíocht éileamh. Tá na daoine seo a leanas sa Ghrúpa:

| | | Tinreamh |
|---|---|---|
| Pat O'Donoghue (Cathaoirleach) | Comhairleoir Neamhspleách | 6/6 |
| Mal McGreevy | Stiúrthóir de chuid Iarnród Éireann | 2/3 |
| Carolyn Griffiths | Stiúrthóir de chuid Iarnród Éireann | 2/3 |
| Colm Lynch | Comhairleoir Neamhspleách | 6/6 |

## An Grúpa Comhairleach um Sholáthar Seirbhíse

Bunaíodh an grúpa seo in 2021 chun bheith ina fhóram neamhfheidhmiúcháin ina bpléifí soláthar seirbhíse Iarnród Éireann, agus a chuirfeadh comhairle ar an lucht feidhmiúcháin nuair ba chuí sin. Tá na daoine seo a leanas sa Ghrúpa:

# Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)

| | | Tinreamh |
|---|---|---|
| Mal McGreevy (Cathaoirleach) | Stiúrthóir de chuid Iarnród Éireann | 4/4 |
| Carolyn Griffiths | Stiúrthóir de chuid Iarnród Éireann | 4/4 |
| Mike Sowden | Comhairleoir Neamhspleách | 4/4 |
| David Wilkinson | Comhairleoir Neamhspleách | 4/4 |
| Tommy Wynne | Oibrí is Stiúrthóir | 4/4 |

## An Grúpa Comhairleach Straitéise

Bunaíodh an Grúpa Comhairleach Straitéise in 2018 chun athbhreithniú a dhéanamh ar straitéis na Cuideachta ina hiomláine, agus chun díriú ar réimsí sonracha den ghnó i gcomhpháirtíocht le príomh-gheallsealbhóirí. Tá na daoine seo a leanas sa Ghrúpa:

| | | Tinreamh |
|---|---|---|
| Sarah Roarty (Cathaoirleach) | Stiúrthóir de chuid Iarnród Éireann | 2/2 |
| Frank Allen | Cathaoirleach ar Iarnród Éireann | 2/2 |
| Carolyn Griffiths | Stiúrthóir de chuid Iarnród Éireann | 2/2 |
| Mal McGreevy | Stiúrthóir de chuid Iarnród Éireann | 2/2 |

## Ráiteas Comhlíontachta na Stiúrthóirí

Mar a cheanglaítear le hAlt 225 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, admhaíonn na stiúrthóirí go bhfuil na stiúrthóirí freagrach as a áirithiú go bhfuil an Chuideachta ag cloí lena cuid oibleagáidí ábhartha; agus

Dearbhaíonn na stiúrthóirí gur thugadar i gcrích na trí nós imeachta seo a leanas chun oibleagáidí na stiúrthóirí a chomhlíonadh i rith na bliana airgeadais:

(a) ullmhaíodh "ráiteas maidir le comhlíonadh" ina leagtar amach beartais na Cuideachta, a mheasann na stiúrthóirí atá oiriúnach don Chuideachta, maidir le comhlíonadh a cuid oibleagáidí cuí ag an gCuideachta;

(b) cuireadh i bhfeidhm socruithe cuí nó struchtúir chuí, a mheasann na stiúrthóirí atá dírithe ar a áirithiú go gcomhlíonfar go hábhartha oibleagáidí cuí na Cuideachta; agus

(c) rinneadh athbhreithniú le linn na bliana airgeadais ar aon socruithe nó struchtúir atá curtha i bhfeidhm.

## Rúnaí Cuideachta

Tá an Rúnaí Cuideachta freagrach as comhairle a chur ar an mBord, tríd an gCathaoirleach, maidir le gach ceist rialachais. Tá fáil ag na stiúrthóirí uile ar chomhairle agus ar sheirbhísí ón Rúnaí Cuideachta. Foráiltear i mBunreacht na Cuideachta gur ábhar do na stiúrthóirí é ceapadh agus cur as oifig an Rúnaí Cuideachta.

## Nochtadh Faisnéise do na hIniúchóirí

I gcás gach duine a bhí ina stiúrthóir an tráth ar formheasadh tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais: Sa mhéid is eol don stiúrthóir, níl aon fhaisnéis ábhartha a bhaineann leis an iniúchadh nach bhfuil iniúchóirí na Cuideachta ar an eolas fúithi; agus tá gach beart déanta ag gach duine de na stiúrthóirí ar cheart a bheith déanta aige nó aici chun é nó í féin a chur ar an eolas faoi fhaisnéis ábhartha ar bith a bhaineann leis an iniúchadh agus lena áirithiú go bhfuil iniúchóirí na Cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

## Iniúchóirí

Tá na hiniúchóirí reachtúla, Mazars, ag leanúint ar aghaidh in oifig agus ag feidhmiú i gcomhréir le hAlt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

Thar ceann an bhoird

**An tUasal Frank Allen**
*Cathaoirleach*

**Valerie Little Uasal**
*Stiúrthóir*

6 Aibreán 2022

# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách

do Chomhaltaí Iarnród Éireann

## Tuairisc ar an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

### Tuairim

Tá ráitis airgeadais Iarnród Éireann ("an Cuideachta") don bhliain ag críoch 31 Nollaig 2021 a chuimsíonn, an Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach; an Clár Comhardaithe; an Ráiteas um Athruithe ar Chothromas; an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid; agus na nótaí a ghabhann le ráitis airgeadais na Cuideachta, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha mar a leagtar amach i Nóta 1.

Is iad dlí na hÉireann agus FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann eisithe sa Ríocht Aontaithe ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRS102) an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm á n-ullmhú.

Is é ár dtuairim:

- tugann na ráitis airgeadais atá in éineacht le seo léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta amhail an 31 Nollaig 2021 agus ar a barrachas don bhliain dar críoch ansin;
- ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart de réir FRS 102; agus
- ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart de réir riachtanais Acht na gCuideachtaí 2014

### Bunús leis an tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire)(ISAanna Éireann) agus de réir an dlí is infheidhme. Déantar níos mó cur síos ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa chuid Na Freagrachtaí atá ar an Iniúchóir maidir leis an Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais den tuarascáil uainn.

Táimid neamhspleách ar an Chuideachta de réir na gceanglas eitice is ábhartha maidir leis an iniúchadh a dhéanaimid ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil do Iniúchóirí (Éirinn) arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus chomhlíonamar na freagrachtaí eiticiúla eile atá orainn de réir na gceanglas sin.

Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuaireamar chun bunús a thabhairt leis an tuairim uainn.

### Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh againn, tháinig muid ar an gconclúid gur iomchuí úsáid na stiúrthóirí ar bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Bunaithe ar an obair a rinneamar, níor shainaithníomar aon neamhchinnteachtaí ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh, ina n-aonair nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta nuair a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo

### Faisnéis eile

Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsítear leis an bhfaisnéis eile an fhaisnéis atá san áireamh sa tuarascáil bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus tuairisciúil an iniúchóra uainn ina leith. Ní chuimsítear sa tuairim uainn ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, ach amháin sa mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite sa tuarascáil uainn, ní léirímid aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

Is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile neamh-réireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuaireamar le linn an iniúchadh, nó ar cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Má aithnímid neamhréireacht ábhartha den sórt sin nó ráiteas a ndealraíonn sé gur míráiteas ábhartha é, ní mór dúinn a chinneadh an bhfuil aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó an ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile. Más rud é, ar bhonn na hoibre a rinneamar, go gcinnimid go ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile sin, ní mór dúinn an méid sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis sin.

# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách (are lean)

### Tuairimí ar ábhair eile a fhoror-daítear le hAcht na gCuideachtaí 2014

Is é ár dtuairim, bunaithe ar an obair a rinneadh le linn an iniúchta, go dtuairiscímid:

- tá an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí don bhliain airgeadais a n-ullmhaítear na ráitis airgeadais ag teacht leis na ráitis airgeadais;
- ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí de réir riachtanais dlí infheidhme;
- ba leor taifid chuntasaíochta na Cuideachta chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart; agus
- réitíonn na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe uile atá riachtanach, chomh fada agus is eol duinn, chun críocha ár n-iniúchta.

### Nithe a gceanglaítear orainn tuairisciú orthu trí eisceacht

Bunaithe ar eolas agus tuiscint na Cuideachta agus a timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níl aon mhíráiteas ábhartha aitheanta againn i dtuarascáil na stiúrthóirí.

De réir riachtanais Acht na gCuideachtaí 2014 ní mór duinn tuairisc a thabhairt duit más rud é, inár dtuairim, nach gcomhlíonann an Chuideachta riachtanais aon cheann d'Ailt 305 go 312 den Acht, a bhaineann le nochtadh luach saothair agus idirbhearta stiúrthóirí. Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith seo.

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (Lúnasa 2016) (an "Cód Cleachtais"), éilítear orainn tuairisc a thabhairt duit mura bhfuil an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá riachtanach faoin gCód Cleachtais mar atá san áireamh sa Ráiteas Rialachais Chorparáidigh i dTuarascáil na Stiúrthóirí i dtaca le comhlíonadh na gcuideachtaí ag teacht le mhír 1.9 (iv) den Chód Cleachtais nó mura bhfuil sé ag teacht leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn ónár gcuid oibre iniúchta ar na ráitis airgeadais.

Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith seo.

## Freagrachtaí Faoi Seach

### Na Freagrachtaí atá ar na stiúrthóirí i dtaca le na ráitis airgeadais

Mar a dtugtar míniú níos iomláine air sa ráiteas um fhreagrachtaí na stiúrthóirí atá leagtha amach ar leathanach XX, is iad na stiúrthóirí atá freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais de réir an creat ruairisciú airgeadais infheidhme agus go dtugann siad léargas fíorcheart, agus as cibé rialú inmheánach a chinnfidh an bhainistíocht is gá ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó de bharr earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, as nochtadh a dhéanamh, mar is infheidhme, ar nithe a bhaineann le gnóthas leantach agus as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil sé i gceist ag an bhainistíocht an Chuideachta a leachtú ná deireadh a chur leis na hoibríochtaí, nó nach bhfuil aon rogha réalaíoch acu ach é sin a dhéanamh.

### Na freagrachtaí atá ar an iniúchóir as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint ina bhfuil an tuairim uainn. Ardleibhéal dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní hionann é agus ráthaíocht go n-aimseofar i gcónaí in iniúchadh arna dhéanamh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire) míráiteas ábhartha más ann dó. Is féidir go n-eascródh míráitis as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, astu féin nó le chéile, go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach leis go mbeadh tionchar acu ar chinntí geilleagracha na n-úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí as iniúchadh na ráiteas airgeadais le fáil ar shuíomh Gréasáin an IAASA ag: http://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf. Tá an tuairisc seo mar chuid de thuarascáil ár n-iniúchóra.

### Cuspóir ár gcuid oibre iniúchta agus a bhfuil ár bhfreagrachtaí dlite dúinn

Déantar ár dtuarascáil do comhaltaí an Bhoird mar chomhlacht, de réir Alt 391 de Achta na gCuideachtaí 2014. Rinneadh ár gcuid oibre iniúchta ionas go bhféadfaimis na nithe seo a chur in iúl dúinn do chomhaltaí na gcuideachta i dtuarascáil iniúchóra agus bí chun aon chríche eile. A mhéid a cheadaítear leis an dlí, ní ghlacaimid ná ní ghlacaimid freagracht ar aon duine seachas an chuideachta agus comhaltaí na Cuideachta, as ár gcuid oibre iniúchta, as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí atá curtha le chéile againn.



**Tommy Doherty**
*Ar son agus thar a cheann Mazars*
*Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla*
*Ionad Fhearchair, Bloc 3*
*Bóthar Fhearchair*
*Baile Átha Cliath 2*

Dáta: 6 Aibreán 2022

# Ráiteas Ioncam Cuimsitheach

## Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2021

| | Nótaí | 2021<br>€'000 | 2020<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Ioncam ó oibríochtaí | | 144,076 | 143,678 |
| Fáltais ó chonarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí | | 182,191 | 202,348 |
| Cistiú eile ón Stát | | 211,725 | 176,122 |
| **Ioncam iomlán** | *3* | **537,992** | **522,148** |
| **Costais** | | | |
| Costais phárolla agus costais ghaolmhara | *5* | (280,320) | (274,353) |
| Costais ábhar agus seirbhísí | *6* | (243,471) | (233,381) |
| **Iomlán na gcostas oibriúcháin** | | **(523,791)** | **(507,734)** |
| **TRÚCDA** | | **14,201** | **14,414** |
| Míreanna eisceachtúla | *7* | (1,227) | (524) |
| Dímheas glan ar amúchadh deontas caipitiúil | *8* | (9,068) | (10,420) |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | | (82) | – |
| **Barrachas roimh ús agus cháin** | | **3,824** | **3,470** |
| Ús iníoctha agus muirir dá shamhail | *9* | (1,200) | (998) |
| **Barrachas don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin** | | **2,624** | **2,472** |
| Cáin ar ghnáthghníomhaíochtaí | *10* | (843) | – |
| **Barrachas don bhliain airgeadais** | | **1,781** | **2,472** |

# Clár Comhardaithe

## Amhail an 31 Nollaig 2021

| | Nótaí | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní doláimhsithe | *12* | 11,909 | 14,815 |
| Sócmhainní inláimhsithe | *13* | 1,614,066 | 1,692,469 |
| | | **1,625,975** | **1,707,284** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | *14* | 61,394 | 55,318 |
| Féichiúnaithe | *15* | 329,445 | 98,002 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | 745 | 426 |
| | | **391,584** | **153,746** |
| **Creidiúnaithe** (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin) | *16* | **(520,550)** | **(296,330)** |
| **Glandliteanas reatha** | | **(128,966)** | **(142,584)** |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **1,497,009** | **1,564,700** |
| Ioncam iarchurtha | *18* | (1,390,987) | (1,459,105) |
| Soláthairtí in aghaidh dliteanas | *19* | (60,241) | (61,595) |
| | | **45,781** | **44,000** |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | *20* | 194,270 | 194,270 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais – easnamh | | (148,489) | (150,270) |
| **Iomlán Gnáthscaire** | | **45,781** | **44,000** |

Thar ceann an bhoird

**An tUasal F. Allen**
*Cathaoirleach*

**V. Little Uasal**
*Stiúrthóir*

6 Aibreán 2021

# Ráiteas um Athruithe ar an gCaipiteal Gnáthscaireanna

## An bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2021

| | Scairchaipiteal Glaoite €'000 | Cuntas Brabúis agus Caillteanais €'000 | Caipiteal Gnáth-scaireanna Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2020 | 194,270 | (152,742) | 41,528 |
| Barrachas don bhliain airgeadais | – | 2,472 | 2,472 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais** | **–** | **2,472** | **2,472** |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2020 | 194,270 | (150,270) | 44,000 |
| Barrachas don bhliain airgeadais | – | 1,781 | 1,781 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais** | **–** | **1,781** | **1,781** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2021** | **194,270** | **(148,489)** | **45,781** |

# Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

## An Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2021

| | Nótaí | 2021<br>€'000 | 2020<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Airgead glan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | *21* | **25,468** | **15,852** |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe | | (301,650) | (176,115) |
| Ceannach sócmhainní seasta doláimhsithe | | (2,944) | (3,398) |
| Costas ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | | (82) | – |
| Fáltas ó dheontais stáit agus deontais ón Aontas Eorpach | | 302,771 | 159,990 |
| **Airgead glan arna úsáid i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(1,905)** | **(19,523)** |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Ús íoctha | | (1,200) | (997) |
| Maoiniú idirchuideachta | | (22,044) | 4,981 |
| **Airgead iomlán arna úsáid i ngníomhaíochtaí maoinithe** | | **(23,244)** | **3,986** |
| **Glanmhéadú ar airgead agus coibhéisí airgid** | | **319** | **313** |
| Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir | | 426 | 113 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig** | | **745** | **426** |
| **Cuimsítear san airgead agus sna coibhéisí airgid:** | | | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | 351 | 362 |
| Banc | | 394 | 64 |
| Rótharraingtí bhainc | | – | |
| | | **745** | **426** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 1 Ráiteas maidir le Comhlíonadh, Gníomhaíochtaí agus Úinéireacht

### (a) Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Iarnród Éireann, uimhir chláraithe 119571, Stáisiún Uí Chonghaile, Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1, ar bhonn gnóthas leantach de réir Caighdeáin um Thuairisciú Airgeadais 102 (Caighdeáin Chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Comhairle Tuairiscithe Airgeadais na Ríochta Aontaithe), lena n-áirítear comhlíonadh Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

### (b) Gníomhaíochtaí agus Úinéireacht

Is é Córas Iompair Éireann (CIÉ), ar fochuideachta de é Iarnród Éireann, údarás reachtúil náisiúnta na hÉireann a chuireann iompar poiblí ar tír ar fáil in Éirinn. Tá CIÉ ar lánúinéireacht ag Rialtas na hÉireann agus tuairiscíonn sé don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Is é Iarnród Éireann príomhsholáthraí na hÉireann i dtaobh iompar ar iarnród.

Baineann ráitis airgeadais na Cuideachta le gníomhaíochtaí Iarnród Éireann agus leo sin amháin.

## Achoimre ar Bheartais Shuntasacha Chuntasaíochta

Leagtar amach ar na leathanaigh seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta agus na teicnicí suntasacha meastacháin a glacadh agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Tá na beartais sin curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na blianta go léir atá curtha i láthair, mura luaitear a mhalairt.

De réir mar a cheadaítear faoi Acht na gCuideachtaí 2014, tá leagan amach forordaithe an chuntais brabúis agus caillteanais oiriúnaithe ag na stiúrthóirí ar bhealach is cuí do chineál gnó na Cuideachta.

Is le Córas Iompair Éireann 100% de scairchaipiteal cothromais Iarnród Éireann ('IÉ').

Is é Córas Iompair Éireann a ullmhaíonn ráitis airgeadais ghrúpa, dá bhfuil Iarnród Éireann ina bhall. Féadfar cóipeanna de ráitis airgeadais ghrúpa Chóras Iompair Éireann a fháil ón Rúnaí Cuideachta ag Córas Iompair Éireann, Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8, agus ar shuíomh gréasáin na cuideachta ag IrishRail.ie.

### (a) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil; féach Nóta 2 sna Ráitis Airgeadais i gcomhair tuilleadh sonraí.

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, ní mór leas a bhaint as príomhthoimhdí áirithe a bhaineann leis an todhchaí, agus foinsí tábhachtacha eile neamhchinnteachta meastacháin ag an dáta tuairiscithe. Ceanglaítear freisin go ndéanfadh na stiúrthóirí breithiúnas agus beartais chuntasaíochta na Cuideachta á gcur i bhfeidhm acu. Leagtar amach ag (v) thíos na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist, nó na réimsí ina bhfuil baol nach beag go ndéanfadh toimhdí agus meastacháin coigeartú ábhartha ar shuim ghlanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

Faoi FRS 102, ceadaítear díolúintí áirithe ó nochtadh d'eintiteas incháilithe. Bhain an Chuideachta leas as díolúine ar son comhardaithe páirtithe gaolmhara le fochuideachtaí eile lastigh de Ghrúpa CIÉ.

## 1 Ráiteas maidir le Comhlíonadh, Gníomhaíochtaí agus Úinéireacht (ar lean)

### (b) Ioncam

Cuimsíonn an t-ioncam oll-luach na seirbhísí arna soláthar. Déantar an t-ioncam a thomhas ar luach cóir na comaoine a fhaightear nó is infhála agus is ionann é agus an méid is infhála i leith seirbhísí a soláthraíodh.

Aithníonn Iarnród Éireann ioncam sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil.

Aithnítear ioncam eile ó Oibríochtaí Iarnróid tráth sholáthar na seirbhíse nuair a chuireann an custaiméir an t-aistear i gcrích. Tugtar anonn sna dliteanais na fáltais ó dhíol ticéad bliantúil agus táirgí eile le dáta sa todhchaí, agus aithnítear iad sa chuntas brabúis agus caillteanais thar thréimhse na seirbhíse ábhartha.

Aithnítear an t-ioncam ó lastas sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil. Aithnítear an t-ioncam ó Europort Ros Láir sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil.

Aithnítear ioncam ó fhógraíocht agus ó ghníomhaíochtaí éagsúla eile le linn thréimhse an chonartha ábhartha. Déantar ioncam ó fhógraíocht a thuilleadh ó chonarthaí dhá mhí agus conarthaí ráithiúla agus faightear an t-ioncam sin ar bhonn riaráisteach.

Aithnítear ioncam ó choimisiúin nuair a sholáthraítear an tseirbhís don chustaiméir. Aithnítear ioncam eile tríú páirtí tráth a thuillte, nó ag an bpointe seirbhíse, sa mhéid is gur aithníodh costais iomchuí atá in-aisghabhála i gcoinne an ioncaim sin sa tréimhse.

### (c) Costais Ábhar agus Seirbhísí

Cuimsítear le costais Ábhar agus Seirbhísí na costais go léir a bhaineann le hoibríochtaí Iarnród Éireann ó lá go lá, seachas costais dímheasa agus amúchta agus phárolla a ndéantar iad a nochtadh ar leithligh sa chuntas brabúis agus caillteanais, agus a nochtadh ar leithligh sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

### (d) Costais Eisceachtúla

I gcuntas brabúis agus caillteanais Iarnród Éireann, aithnítear torthaí oibriúcháin ar leithligh roimh mhíreanna sonracha. Is iad na míreanna sonracha iad siúd a mheasann na stiúrthóirí nach mór iad a nochtadh ar leithligh mar gheall ar a méid, a gcineál nó a minicíocht. Creideann an Chuideachta go n-éascaíonn an cur i láthair sin d'anailís bhreise toisc go ndírítear aird ar chostais eisceachtúla dá bharr. Áirítear le costais den sórt sin costais shuntasacha a bhaineann le hathstruchtúrú gnó.

Maidir leis an gcinneadh i dtaobh céard is brí le 'suntasach', baintear leas as breithiúnas cáilíochtúil agus breithiúnas cainníochtúil na stiúrthóirí agus measúnú á dhéanamh ar na costais arb amhlaidh ina leith, de bhua a méid agus a gcineáil, go nochtar sa chuntas brabúis agus caillteanais agus sna nótaí gaolmhara iad i gcáil costais eisceachtúla.

### (e) Airgeadra Eachtrach

#### (i) Airgeadra Feidhmiúil Agus Airgeadra Tuairiscithe

Is é an euro airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe na Cuideachta, arna ainmniú ag an tsiombail '€', agus, mura luaitear a mhalairt, tá na ráitis airgeadais curtha i láthair ina mílte (€'000).

#### (ii) Idirbhearta agus Iarmhéideanna

Déantar idirbhearta atá ainmnithe san airgeadra eachtrach a aistriú chuig an airgeadra feidhmiúil ar bhonn na rátaí malairte ar an láthair ar dháta na n-idirbheart.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar míreanna airgeadaíochta in airgeadra eachtrach a aistriú ina euro ar an ráta reatha. Déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a gcostas stairiúil a aistriú ar bhonn an ráta malairte ar dháta an idirbhirt agus déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a luach cóir a thomhas ar bhonn an ráta malairte nuair a cinneadh an luach cóir.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 1 Ráiteas maidir le Comhlíonadh, Gníomhaíochtaí agus Úinéireacht (ar lean)

### (e) Airgeadra Eachtrach (ar lean)

#### (ii) Idirbhearta agus Iarmhéideanna

Is sa chuntas brabúis agus caillteanais a aithnítear gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a eascraíonn as socraíocht idirbheart agus ón aistriú ag rátaí malairte ag deireadh na bliana airgeadais ar shócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha.

Cuirtear i láthair gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a bhaineann le hiasachtaí agus airgead agus coibhéisí airgid sa chuntas brabúis agus caillteanais faoi 'ús infhála agus ioncam dá shamhail' nó 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' mar is cuí. Cuirtear i láthair gach gnóthachan agus caillteanas airgeadra eachtraigh eile sa chuntas brabúis agus caillteanais faoi chostais ábhair agus seirbhíse.

### (f) Deontais ón Aontas Eorpach agus Deontais Stáit

Aithníonn Iarnród Éireann deontais rialtais ag teacht leis an tsamhail fabhraithe faoi FRS 102.

#### (i) deontais i gcomhair Caiteachas Caipitiúil

Déantar deontais i gcomhair caiteachas caipitiúil eile a chur chun sochair an ioncaim iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhála. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais agus aithnítear iad san ioncam thar shaol eacnamaíoch úsáideach na sócmhainní gaolmhara.

#### (ii) Deontais ioncaim

Aithnítear deontais ioncaim mar ioncam sa chuntas brabúis agus caillteanais sa tréimhse ina dtabhaítear na costais bhainteacha a bhfuil an deontas beartaithe lena gcúiteamh.

#### (iii) Deontas faoin gConradh Ilbhliantúil Bainisteora Bonneagair

Aithnítear deontais um Bainisteoir Bonneagair faoi Chonarthaí Ilbhliantúla mar ioncam iarchurtha nó láithreach mar ioncam sa chuntas brabúis agus caillteanais, trí thagairt don bhonnghníomhaíocht a bhfuil an deontas ceaptha lena cúiteamh. Na deontais chaipitil faoin gConradh Ilbhliantúil a chuirtear chun sochair an ioncaim iarchurtha sa chlár comhardaithe, déantar iad a amúchadh thar shaol eacnamaíoch tuartha na sócmhainní gaolmhara.

### (g) Nóta faoi Thuairisciú Teascánach

Tuairiscítear ar theascáin oibriúcháin ar bhealach atá i gcomhréir le struchtúr bainistíochta inmheánaí Iarnród Éireann agus an fhaisnéis airgeadais inmheánach arna soláthar do Phríomh-Chinnteoirí Oibriúcháin na cuideachta (na stiúrthóirí feidhmiúcháin) atá freagrach as cinntí straitéiseacha a dhéanamh, acmhainní a leithdháileadh, agus faireachán agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht gach teascáin. Is ionann an toradh oibriúcháin a thuairiscítear go hinmheánach de réir an teascáin agus an príomhbheart a úsáidtear chun feidhmíocht na dteascán oibriúcháin laistigh den chuideachta a mheasúnú.

Chinn Iarnród Éireann go bhfuil cúig theascán aige ar ghá tuairisciú a dhéanamh orthu Gnóthas Iarnróid, Bainisteoir Bonneagair Iarnróid, Lasta Iarnróid, Europort Ros Láir agus Gníomhaíochtaí Lárnacha agus Eile. Oibríonn teascán an Ghnóthais Iarnróid gnó na bpaisinéirí faoin gconradh Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a dhámh an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Déanann teascán an Bhainisteora Bonneagair Iarnróid an tsócmhainn bonneagair a bhainistiú, a chothabháil agus a athnuachan, a mhaoinítear ó tháillí Rochtana agus ón gConradh Ilbhliantúil. Soláthraíonn an teascán Lasta Iarnróid seirbhísí iompair chun earraí a iompar d'iarnród. Oibríonn teascán Europort Ros Láir an dara calafort is gnóthaí sa tír ó thaobh gluaiseachtaí loinge de, le haghaidh trácht turasóirí agus lasta aonadaithe. Soláthraíonn teascán na nGníomhaíochtaí Lárnacha agus Eile seirbhísí comhroinnte don eagraíocht agus tá an gnó Loingseoireachta ina chuid de sin – lena soláthraítear saoráidí iompair ar bhóthar don mhótarthionscal go príomha.

## 1 Ráiteas maidir le Comhlíonadh, Gníomhaíochtaí agus Úinéireacht (ar lean)

### (h) Sochair na bhFostaithe

Cuireann an Chuideachta roinnt sochar ar fáil d'fhostaithe ag brath ar a ngrád, a sinsearacht agus ar oibleagáidí reachtúla. I measc na sochar tá íoc tuarastail nó pá agus íoc préimheanna le haghaidh obair bhreise arna déanamh. Lena chois sin déantar ranníocaíochtaí fostóra maidir le pinsean, i gcás baill foirne incháilithe, isteach sna scéimeanna pinsean faoi seach.

**Sochair iarfhostaíochta**

Feidhmíonn Grúpa CIÉ dhá phlean sochar sainithe (Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochar sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951) d'fhostaithe ghrúpa CIÉ.

Sainítear i bplean sochair sainithe an sochar pinsin a gheobhaidh an fostaí ar dhul ar scor dó nó di, ag brath de ghnáth ar roinnt tosca lena n-áirítear aois, fad seirbhíse agus luach saothair. Is ionann plean sochair sainithe agus sochar iarfhostaíochta seachas ranníocaíochtaí sainithe.

Tá cuntas tugtha ar na scéimeanna sin i ráitis airgeadais Ghrúpa CIÉ. Tomhaistear sócmhainní na scéimeanna pinsean le sochar sainithe ar a luach cóir. Tomhaistear dliteanais na scéime pinsin sochar sainithe ar bhonn achtúireach faoi mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Léirítear barrachas dhliteanas na scéimeanna ar shócmhainní na scéimeanna mar dhliteanas ar chlár comhardaithe CIÉ.

Glacann na fochuideachtaí go léir, mar aon le CIÉ féin, páirt i Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochair sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951. Ní shonraítear i rialacha na scéime conas ba chóir aon bharrachas nó easnamh a leithdháileadh i measc fostóirí rannpháirteacha agus níl aon chomhaontú conarthach ná beartas luaite i dtaobh glanchostas sochar sainithe a leithdháileadh ar na grúpeintitis aonair. Dá réir sin, aithnítear glanchostas sochar sainithe na scéimeanna ina n-iomláine i ráitis airgeadais ar leithligh CIÉ toisc gurb amhlaidh, in éagmais socrú foirmiúil conartha a bheith i bhfeidhm, go gcreideann na stiúrthóirí gurb é an t-eintiteas sin atá freagrach as na scéimeanna faoin dlí. Aithníonn na heintitis rannpháirteacha eile, lena n-áirítear Iarnród Éireann, costas arb ionann é agus a ranníocaíocht i leith na tréimhse. Tá sonraí breise i dtaobh na scéimeanna sin leagtha amach i nóta 23.

### (i) Ús

**(i) Ús Infhála**

Cuirtear an t-ús a thuilltear chun sochair don chuntas brabúis agus caillteanais sa tréimhse inar tuilleadh é.

**(ii) Ús Iníoctha**

Cuirtear costais a bhaineann le hiasachtaí de mhuirear ar an gcuntas brabúis agus caillteanais sa tréimhse inar tabhaíodh iad.

### (j) Páirtithe Gaolmhara

Fochuideachta de chuid Ghrúpa CIÉ is ea Iarnród Éireann. Nochtann Iarnród Éireann idirbhearta le páirtithe gaolmhara nach bhfuil ar lánúinéireacht ag an ngrúpa (féach Nóta 25). Tá díolúine ag an gCuideachta i leith nochtadh idirbheart le baill den ghrúpa céanna atá ar lánúinéireacht.

### (k) Cánachas

Cuimsíonn costas na cánach ioncaim don bhliain cáin reatha agus cáin iarchurtha arna n-aithint sa bhliain airgeadais. Cuirtear costas cánach ioncaim i láthair sa chomhpháirt chéanna den ioncam cuimsitheach iomlán (cuntas brabúis agus caillteanais nó ioncam cuimsitheach eile) nó den chothromas leis an idirbheart nó an teagmhas eile as a dtig an costas cánach ioncaim.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 1 Ráiteas maidir le Comhlíonadh, Gníomhaíochtaí agus Úinéireacht (ar lean)

### (k) Cánachas (ar lean)

Ní dhéantar lascainiú ar shócmhainní agus dliteanais cánachais reatha ná cánachais iarchurtha.

#### (i) Cáin Reatha

Is ionann an cháin reatha agus an méid cánach ioncaim is iníoctha ar an mbrabús inchánach don bhliain airgeadais nó do bhlianta airgeadais roimhe sin. Déantar an cháin reatha a thomhas de réir mhéid na cánach reatha a mheastar a bheidh le híoc de réir rátaí cánach agus dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil faoi dheireadh na bliana airgeadais.

#### (ii) Cáin Iarchurtha

Aithnítear cáin iarchurtha maidir leis na difríochtaí uainiúcháin, arb iad na difríochtaí idir brabús inchánach agus ioncam cuimsitheach iomlán mar atá luaite sna ráitis airgeadais. Eascraíonn na difríochtaí uainiúcháin ó chuimsiú ioncaim agus caiteachas sna measúnachtaí cánach i mblianta airgeadais seachas na cinn ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha ar na difríochtaí uainiúcháin ag deireadh gach bliana airgeadais faoi réir eisceachtaí áirithe. Ní aithnítear caillteanais chánach neamhfhaoisimh agus sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair is dócha go ndéanfar iad a aisghabháil i gcoinne aisiompú dliteanas cánach iarchurtha nó brabús eile inchánach sa todhchaí.

### (l) TRÚCDA

Is ionann TRÚCDA agus tuilleamh cuideachta roimh choigeartú d'ús agus cánacha, dímheas ar shócmhainní seasta agus amúchadh na ndeontas caipitil arna bhfáil.

### (m) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Tugtar bogearraí ríomhaire anonn ar an gcostas lúide amúchadh carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Déantar na bogearraí a amúchadh thar a saol úsáideach tuartha, idir trí bliana agus cúig bliana, ar mhodh an mhéid chothroim. Ní mheastar go bhfuil luach iarmharach ag bogearraí. Sa chás ina dtugtar le fios de bharr tosca amhail dul chun cinn na teicneolaíochta nó athruithe ar phraghsanna margaidh go bhfuil athrú tagtha ar shaol úsáideach na mbogearraí, déantar an saol úsáideach a leasú ar bhonn ionchasach chun na cúinsí nua a chur san áireamh. Déantar athbhreithniú i ndáil le lagú ar shócmhainní seasta doláimhsithe má tá aon rud ann a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn sheasta dholáimhsithe a bheith lagaithe.

### (n) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe agus Dímheas

Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a thabhairt anonn ar a gcostas, lúide dímheas carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Áirítear sa chostas an praghas ceannaigh bunaidh, costais arna dtabhú ar bhonn díreach i dtaobh an tsócmhainn a thabhairt chuig an láthair agus a chur sa riocht is gá don úsáid atá ceaptha di, agus costais infheidhme i dtaobh baint ó chéile, tabhairt chun bealaigh agus athchóirithe.

#### (i) Línte Iarnróid agus Oibreacha Iarnróid

Gréasán córas atá i gceist leis na línte iarnróid agus na hoibreacha iarnróid.

Meastar gurb ionann caiteachas ar an ngréasán, a mhéadaíonn a acmhainn nó a fheabhsaíonn a chumas oibriúcháin, agus méid breise a chuirtear leis na sócmhainní seasta inláimhsithe, agus déantar é a chaipitliú agus a dhímheas thar a shaol eacnamaíoch úsáideach tuartha.

Costais fostaithe chaipitlithe agus costais eile atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainne, áirítear iad sna sócmhainní seasta inláimhsithe.

An caiteachas ar an ngréasán reatha, lena bhféachtar chuige go bhfuil an acmhainn oibriúcháin ag teacht leis na caighdeáin shonraithe seirbhíse, áirítear mar chothabháil é agus cuirtear é de mhuirear ar an gcuntas brabúis agus caillteanais. Caitear le haon deontas bainteach ar an gcaoi chéanna agus cuirtear i láthair é sa chuntas brabúis agus caillteanais.

# 1 Ráiteas maidir le Comhlíonadh, Gníomhaíochtaí agus Úinéireacht (ar lean)

## (n) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe agus Dímheas (ar lean)

### (ii) Rothstoc Iarnróid

Déantar na hinnill traenach, na carranna iarnróid, an stoc cóistí agus na vaigíní seachas iad sin atá lán-dímheasta nó a fhaightear gan aon chostas, a dhímheas ar bhonn a gcostais stairiúil agus é leithdháilte thar a saol eacnamaíoch úsáideach tuartha ar mhodh an mhéid chothroim.

### (iii) Feithiclí Lastais Bóthair

Déantar na sócmhainní seo a dhímheas ar bhonn an chostais stairiúil thar a saol eacnamaíoch úsáideach tuartha ar mhodh an mhéid chothroim.

### (iv) Dugaí, Calafoirt agus Céanna; Trealamh agus Innealra

Déantar na sócmhainní seo a dhímheas ar bhonn an chostais stairiúil thar a saol eacnamaíoch úsáideach tuartha ar mhodh an mhéid chothroim.

### (v) Talamh agus Foirgnimh

Ní dhéantar talamh a dhímheas. Déantar foirgnimh a dhímheas ar bhonn an chostais stairiúil thar a saol eacnamaíoch úsáideach tuartha ar mhodh an mhéid chothroim.

### (vi) Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Déantar dímheas ar shócmhainní, ach amháin talamh, a ríomh de réir na modhanna dímheasa agus an tsaoil úsáidigh thuartha, mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Línte agus oibreacha iarnróid | modh an mhéid chothroim | 10-40 bliain |
| Rothstoc iarnróid | modh an mhéid chothroim | 4-20 bliain |
| Gléasra agus innealra | modh an mhéid chothroim | 3-30 bliain |
| Comharthaíocht | modh an mhéid chothroim | 10 mbliana |
| Dugaí, cuanta agus céanna | modh an mhéid chothroim | 50 bliain |
| Trealamh lónadóireachta | modh an mhéid chothroim | 5-10 mbliana |
| Foirgnimh ruílse | modh an mhéid chothroim | 50 bliain |
| Droichid | modh an mhéid chothroim | 120 bliain |
| Feithiclí lastais bóthair | modh an mhéid chothroim | 1-10 mbliana |

Ceapadh raon na mblianta chun saol eacnamaíochta éagsúil na gcomhpháirteanna éagsúla in aicme sócmhainní a chur in iúl. Déantar athbhreithniú ar luachanna iarmharacha na sócmhainní agus a saol úsáideach, agus déantar iad a choigeartú, más iomchuí, gach bliain airgeadais. Cuirtear éifeacht aon athraithe ar luachanna iarmharacha nó ar shaol úsáideach san áireamh sna cuntais ar bhonn ionchasach.

### (vii) Breiseanna agus Comhpháirteanna Móra Iardain

Ní dhéantar costais iardain a áireamh i suim ghlanluacha na sócmhainne ná a aithint mar shócmhainn ar leithligh, de réir mar is iomchuí, ach amháin nuair is dócha go mbeidh sochair gheilleagracha a bhaineann leis an mír i ndán don Chuideachta agus gur féidir an costas a thomhas ar bhonn iontaofa.

Aithnítear suim ghlanluacha aon chomhpháirte ionaid. Caitear le comhpháirteanna móra mar shócmhainní ar leithligh sa chás ina mbaineann patrúin dhifriúla tomhaltais leo i dtaobh sochair gheilleagracha agus déantar dímheas orthu go leithleach thar a saol úsáideach.

Cuirtear deisiúcháin agus obair chothabhála de mhuirear ar an gcuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear iad.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 1 Ráiteas maidir le Comhlíonadh, Gníomhaíochtaí agus Úinéireacht (ar lean)

**(viii) Dí-aithint**

Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a dhí-aithint ar a ndiúscairt nó nuair nach bhfuiltear ag súil le haon sochar geilleagrach sa todhchaí. Ar dhiúscairt, déantar an difríocht idir na glanfháltais diúscartha agus an tsuim ghlanluacha a aithint mar bhrabús nó mar chaillteanas.

### (o) Sócmhainní Oidhreachta

Tá roinnt sócmhainní oidhreachta ag Iarnród Éireann: feithiclí a bhíodh sa fhlít den chuid is mó, agus plátaí, suaitheantais agus déantáin éagsúla. Ní dhéantar na sócmhainní a chothabháil díreach as ucht an mhéid a chuireann siad le heolas agus cultúr agus tá go leor iarshócmhainní oibriúcháin i gceist leo.

Mar gheall ar chineál na sócmhainní atá ar seilbh agus an easpa margadhluachanna inchomparáide, bheadh an costas a bhainfeadh le luacháil na sócmhainní oidhreachta atá ag Iarnród Éireann chomh mór nach mbeadh sé i gcomhréir leis na sochair a sholáthrófaí d'úsáideoirí na ráiteas airgeadais.

### (p) Stoc

Cuimsítear sna stoic ábhair chothabhála, páirteanna spártha, breosla agus míreanna eile éagsúla stoic. Déantar an stoc breosla a luacháil ar a mheánchostas ualaithe nó a ghlanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Déantar an stoc neamhbhreosla a luacháil ar a chostas nó a ghlanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Cuimsítear sa chostas an praghas ceannaigh, lena n-áirítear cánacha agus dleachtanna agus iompar agus láimhseáil atá inchurtha go díreach i leith an stoc a thabhairt chuig a láthair reatha agus a chur ina riocht reatha.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar na stoic a mheas i leith lagaithe agus déantar soláthar i leith stoc a mheastar a bheith lagaithe.

Déantar stoc Innealtóireachta Sibhialta (CCE) agus Comharthaíochta (SET) a aicmiú ina stoc gluaiseachta agus stoc neamhghluaiseachta. Cuirtear soláthar i bhfeidhm ar an stoc neamhghluaiseachta, bunaithe ar an bhfad ama ó bogadh an stoc le déanaí. Cuirtear soláthar sa bhreis i bhfeidhm ar an gcuid bhreise den 'stoc gluaiseachta' ag brath ar an leibhéal stoic ar lámh a bhfuil níos mó ná 2 bhliain úsáide bainte as.

Déantar stoc Innealtóireachta Meicniúla (CME) a aicmiú mar stoc straitéiseach, stoc cláir agus stoc inchaite. Déantar soláthar i leith gach aicme ag brath ar aois an stoic.

I gcás trealamh fuireachais nó mórpháirteanna spártha speisialaithe atá ar seilbh chun críocha athsholáthair agus a cheaptar a mbainfear úsáid astu le linn níos mó ná tréimhse amháin, coinnítear ar seilbh iad i gcáil sócmhainní seasta inláimhsithe de réir FRS 102.

### (q) Airgead agus Coibhéisí Airgid

Áirítear le hairgead agus coibhéisí airgid airgead ar láimh, taiscí faoi ghlaoch le bainc, agus infheistíochtaí an-leachtach gearrthréimhseacha eile ag a bhfuil aibíocht bhunaidh trí mhí nó níos lú. Taispeántar rótharraingtí bainc leis na hiasachtaí sa dliteanas reatha. Déantar airgead agus coibhéisí airgid a thomhas ar dtús ar an bpraghas idirbheart agus tomhaistear ina dhiaidh sin iad ar a gcostas amúchta.

Ní airgead ná coibhéisí airgid iad taiscí bainc a bhfuil aibíocht bhunaidh níos mó ná trí mhí acu agus cuirtear i láthair iad mar infheistíochtaí sócmhainní reatha.

### (r) Ionstraimí Airgeadais

**(i) Sócmhainní Airgeadais**

Roghnaigh an Chuideachta forálacha Alt 11 agus Alt 12 de FRS 102 a ghlacadh maidir le cuntas a thabhairt i leith gach ceann dá cuid ionstraimí airgeadais.

## 1 Ráiteas maidir le Comhlíonadh, Gníomhaíochtaí agus Úinéireacht (ar lean)

### (r) Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

Tá roinnt sócmhainní airgeadais bunúsacha ag an gCuideachta lena n-áirítear féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, méideanna atá dlite ó ghrúpchuideachtaí agus airgead agus coibhéisí airgid, atá taifeadta leis na sócmhainní reatha mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin.

Aithnítear sócmhainní airgeadais bunúsacha den chéad uair ar an bpraghas idirbhirt (lena n-áirítear costais an idirbhirt), mura rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú. Más rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú, déantar an tsócmhainn airgeadais a thig as sin a thomhas ar dtús ar luach láithreach na bhfáltas sa todhchaí arna lascainiú ar ráta úis an mhargaidh i leith ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, airgead agus coibhéisí airgid, agus sócmhainní airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a tomhas ina dhiaidh sin ar chostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar sócmhainní airgeadais arna dtomhas ar a gcostas amúchta a mheasúnú i leith fianaise oibiachtúil ar lagú. Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil lagú ar shócmhainn airgeadais arna tomhas ar chostas amúchta, aithnítear caillteanas lagaithe sa bhrabús nó sa chaillteanas. Is ionann an caillteanas lagaithe agus an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne airgeadais agus luach láithreach shreafaí airgid measta na sócmhainne airgeadais arna lascainiú ag glanráta úis bunaidh na sócmhainne.

Más rud é, i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin, go laghdaíonn méid an chaillteanais lagaithe agus gur féidir an laghdú a bheith bainteach go hoibiachtúil le teagmhas a tharlaíonn tar éis an lagú a aithint, aisiompaítear an caillteanas lagaithe a aithníodh roimhe seo. Tá an aisiompú chomh mór sin nach sáraíonn an méid reatha iompair an méid carraeireachta mura n-aithneofaí an caillteanas lagaithe roimhe seo. Aithnítear an aisiompú lagaithe i mbrabús nó i gcaillteanas.

Déantar sócmhainní airgeadais a dhí-aithint (a) nuair a théann na cearta conartha i leith na sreafaí airgid ón tsócmhainn airgeadais in éag nó nuair a shocraítear iad, nó (b) nuair a aistrítear chuig páirtí eile beagnach gach ceann de na rioscaí agus na sochair a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne airgeadais, nó (c) ar aistriú rialú na sócmhainne airgeadais chuig páirtí eile ag a bhfuil an cumas praiticiúil chun an tsócmhainn airgeadais a dhíol go haontaobhach le tríú páirtí neamhghaolmhar gan srianta breise a fhorchur.

#### (ii) Dliteanais Airgeadais

Ar an gcaoi chéanna, tá roinnt dliteanas airgeadais bunúsach ar an gCuideachta, lena n-áirítear creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí bainc agus rótharraingtí, agus iasachtaí ó chuideachtaí sa ghrúpa céanna, a aithnítear den chéad uair ar phraghas an idirbhirt, mura rud é gur idirbheart airgeadais é an socrú, agus sa chás sin déantar an dliteanas airgeadais a thomhas ar luach láithreach na n-íocaíochtaí sa todhchaí arna lascainiú ar an ráta margaidh úis i leith ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí ó ghrúpchuideachtaí eile, agus dliteanais airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a thabhairt anonn ina dhiaidh sin ar chostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Is ionann creidiúnaithe trádála agus oibleagáidí i leith íoc as earraí nó seirbhísí atá faighte i ngnáthchúrsa an ghnó ó sholáthraithe. Déantar creidiúnaithe trádála a aicmiú mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin má bhíonn íocaíocht dlite laistigh de bhliain amháin nó níos lú. I gcás ar bith eile, cuirtear i láthair iad mar mhéideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin. Aithnítear creidiúnaithe trádála ar dtús ar phraghas an idirbhirt agus tomhaistear ina dhiaidh sin iad ar a gcostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Déantar dliteanais airgeadais a dhí-aithint nuair a dhéantar an dliteanas a mhúchadh, is é sin nuair a dhéantar an oibleagáid chonartha a chomhlíonadh nó a chur ar ceal nó ar dhul in éag di.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 1 Ráiteas maidir le Comhlíonadh, Gníomhaíochtaí agus Úinéireacht (ar lean)

### (s) Soláthairtí agus Teagmhais

#### (i) Soláthairtí

Is ionann soláthairtí agus dliteanais atá neamhchinnte ó thaobh ama nó méid. Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe reatha ar an gCuideachta mar gheall ar theagmhais a tharla roimhe seo; nuair is dócha go mbeidh aistriú sochair gheilleagraigh de dhíth chun an oibleagáid a ghlanadh; agus nuair is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

Déantar soláthairtí a thomhas mar luach reatha an mheastacháin is fearr ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh ar ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe reatha an mhargaidh ar amluach airgid agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dliteanas. Déantar athbhreithniú ar sholáthairtí ag deireadh gach bliana airgeadais agus déantar iad a choigeartú chun an meastachán reatha is fearr a thabhairt ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais sa chuntas brabúis agus caillteanais, arna chur i láthair faoi 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' sa bhliain airgeadais ina dtagann sé i gceist.

Sa chás ina bhfuil roinnt oibleagáidí dá samhail ann, cinntear an dóchúlacht go mbeidh eis-sreabhadh ag teastáil chun iad a ghlanadh trí bhreathnú ar aicme na n-oibleagáidí ina hiomláine.

Aithnítear soláthairtí i ndáil le hathstruchtúrú nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe ar an gCuideachta ag deireadh na bliana airgeadais i dtaobh an t-athstruchtúrú a chur i gcrích. Tá oibleagáid inchiallaithe ar an gCuideachta athstruchtúrú a dhéanamh nuair is ann do phlean mionsonraithe foirmiúil don athstruchtúrú sin agus nuair a chruthaigh an Chuideachta ionchas bailí i measc na ndaoine dá ndéanann sé difear, trí thosú ar an bplean a chur chun feidhme nó trí phríomhghnéithe an phlean a fhógairt dóibh siúd dá ndéanann sé difear.

Déantar soláthar do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ag dáta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don Chuideachta fós.

Cuimsítear sna soláthairtí eile soláthairtí a bhaineann le hoibriú na seirbhísí iarnróid, soláthairtí a bhaineann le pá, éilimh dlí agus soláthairtí a bhaineann le pinsin.

Ní dhéantar soláthar in aghaidh caillteanais oibriúcháin sa todhchaí.

#### (ii) Dliteanais agus Sócmhainní Teagmhasacha

I gcás dliteanais theagmhasacha, a eascraíonn de thoradh nithe a tharla roimhe seo, ní aithnítear mar dhliteanas iad toisc nach dócha go mbeidh ar an gCuideachta sochair gheilleagracha a aistriú chun an oibleagáid a ghlanadh nó toisc nach féidir an méid a thomhas go hiontaofa ag deireadh na bliana airgeadais. Ní aithnítear oibleagáidí féideartha neamhchinnte mar dhliteanais ach is dliteanais theagmhasacha iad. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin mura dócha in aon chor go dtarlóidh eis-sreabhadh acmhainní.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlóidh insreabhadh sochar geilleagrach.

#### (iii) Soláthairtí i dtaobh Éilimh um Dhliteanas Tríú Páirtí agus Dhliteanas Fostóra

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ar dháta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don Chuideachta fós.

Glacann an Chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis chuí aici maidir lena neamhchosaint ar éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí a bhunú in aghaidh éileamh, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a cinneadh.

Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i nóta 19 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

# 1 Ráiteas maidir le Comhlíonadh, Gníomhaíochtaí agus Úinéireacht (ar lean)

## (t) Sócmhainní Léasaithe

### (i) Léasanna Airgeadais

Faoi léasanna airgeadais, aistrítear rioscaí agus luach saothair uile na húinéireachta go substaintiúil chuig an léasóir. I dtosach an téarma léasa airgeadais, aithníonn an Chuideachta a ceart úsáide agus an oibleagáid atá uirthi faoi léas airgeadais mar shócmhainn agus dliteanas ag méid is ionann agus luach cóir na sócmhainne ar léas, nó más rud é gur luach níos ísle atá i gceist, ar luach láithreach na n-íocaíochtaí léasa íosta arna ríomh ar an ráta úis atá intuigthe sa léas. Tá caiteachas caipitiúil na sócmhainní sin san áireamh le sócmhainní inláimhsithe agus déantar iad sin a dhímheas thar théarma an léasa nó thar shaol úsáideach tuartha na sócmhainne, cibé acu is giorra. Tá sciar caipitiúil na n-oibleagáidí léasa atá amuigh curtha san áireamh leis na creidiúnaithe. Gearrtar muirir airgeadais ar an gcuntas brabúis agus caillteanais thar phríomhthréimhse an léasa.

### (ii) Léasanna Oibriúcháin

Faoi léasanna oibriúcháin, ní aistrítear riosca agus luach saothair uile na húinéireachta go substaintiúil chuig an léasóir. Aithnítear íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin sa chuntas brabúis agus caillteanais ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa. Gearrtar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin ar an gcuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear iad.

## (u) Caipiteal Gnáthscaireanna

Tá gnáthscaireanna na Cuideachta ar lánúinéireacht ag CIÉ. Déantar an gnáth-scairchaipiteal glaoite agus cúlchistí ioncaim a aicmiú mar chaipiteal gnáthscaireanna agus atá siad leagtha amach sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

## (v) Meastacháin agus Toimhdí Ríthábhachtacha Cuntasaíochta

Déantar athmheasúnú leanúnach ar mheastacháin agus breithiúnais arna ndéanamh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú agus tá siad bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear meastacháin maidir le teagmhais amach anseo a mheastar a bheith réasúnach sna himthosca.

Déanann na stiúrthóirí meastacháin agus toimhdí faoin todhchaí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu. De réir sainmhínithe, is annamh a bheidh na meastacháin chuntasaíochta sin díreach mar an gcéanna leis na torthaí iarbhír a bhaineann leo. Tugtar aghaidh anseo thíos ar na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist agus ar na meastacháin agus na toimhdí lena mbaineann baol nach beag go mbeidís ina gcúis le coigeartú ábhartha ar shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

### (i) Saol Úsáideach Tuartha na Sócmhainní Inláimhsithe agus Doláimhsithe

Tagann athrú ar an muirear amúchta bliantúil i gcás sócmhainní seasta doláimhsithe agus ar an muirear dímheasa i gcás sócmhainní seasta inláimhsithe ag brath ar athruithe ar shaol úsáideach tuartha agus luachanna iarmharacha na sócmhainní. Déantar an saol úsáideach tuartha agus na luachanna iarmharacha a athmheasúnú gach bliain. Déantar iad a leasú de réir mar is gá chun meastacháin reatha a léiriú, bunaithe ar dhul chun cinn na teicneolaíochta, infheistíochtaí sa todhchaí, úsáid eacnamaíoch agus an riocht ina bhfuil na sócmhainní. Léirítear thuas an saol úsáideach tuartha i gcás gach aicme sócmhainní seasta inláimhsithe agus doláimhsithe. Tá suim ghlanluacha na sócmhainní seasta inláimhsithe agus doláimhsithe i leith gach aicme sócmhainní leagtha amach i nóta 12 agus nóta 13.

### (ii) Scéim Pinsean Sochar Sainithe

Tá sé d'oibleagáid ar ghrúpa CIÉ, dá bhfuil an Chuideachta ina ball, sochair phinsin a íoc le fostaithe áirithe. Braitheann costas na sochar sin agus luach reatha na hoibleagáide ar roinnt tosca, lena n-áirítear toimhdí i leith: ionchas saoil, méaduithe tuarastail agus an ráta lascaine ar bhannaí corparáideacha. Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i nóta 23.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 1 Ráiteas maidir le Comhlíonadh, Gníomhaíochtaí agus Úinéireacht (ar lean)

### (v) Meastacháin agus Toimhdí Ríthábhachtacha Cuntasaíochta (ar lean)

#### (iii) Soláthairtí i dtaobh Éilimh um Dhliteanas Tríú Páirtí agus Dhliteanas Fostóra

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ar dháta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don Chuideachta fós.

Glacann an Chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis chuí aici maidir lena neamhchosaint ar éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí a bhunú in aghaidh éileamh, is dócha go mbeidh an toradh difriúil ón dliteanas bunaidh a cinneadh.

Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i nóta 19 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

## 2 Gnóthas Leantach

### Stad Airgeadais

Ullmhaíodh ráitis airgeadais 2021 Iarnród Éireann ar bhun gnóthais leantaigh. Glacann seo leis go mbeidh acmhainní dhóthanacha ag an Chuideachta le leanúint i ngnó ar feadh tréimhse ar a laghad 12 mhí ó dháta faofa na ráitis airgeadais seo.

Tá mionbhreithniúchán déanta ag na Stiúrthóirí ar ullmhúchán ar an bhonn gnóthais leantaigh ag an am seoagus tá siad sásta go bhfuil sé cuí go n-ullmhaítear ráitis airgeadais 2021 ar an bhun seo.

I measc na príomhghnéithe a rinneadh breithniúchán orthu le teacht ar an chinneadh seo tá:

**Stad Airgeadais na Cuideachta amhail 31 Nollaig 2021**

Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí glansócmhainní dar luach €45..8 milliún (2020: €44.0 milliún) agus glansócmhainní reatha dar luach €129.0 milliún (2020: €142.6 milliún) ag Iarnród Éireann.

Mar chuid de na glandhliteanais reatha áirítear dliteanais neamh-airgid dar luach €381.0 milliún (2020: €185.1 milliún) a bhaineann le hioncam iarchurtha maidir le deontais chaipitil agus le hioncam. Dá bhrí sin, gan na míreanna neamh-airgid sin san áireamh, bhí glansócmhainní ag an gCuideachta dar luach €252.9 milliún (2020: glansócmhainní reatha €42.5 milliún).

**Neamchinnteactaí Eacnamaíoch Domhanda**

Tá an cogadh san Úcráin, a thosaigh ar an 24 Feabhra 2022, tar éis roinnt rioscaí gnó ginearálta a mhéadú. Bhí cuid de na rioscaí seo le feiceáil roimh mhí Feabhra ach tá cuid acu níos éiginnte anois faoina dóchúlacht agus faoina dtionchar. Ina measc sin tá cur isteach féideartha ar sholáthairtí fuinnimh mar aon le méadú géar ar phraghsanna, an fhéidearthacht go dtarlóidh suaitheadh sa slabhra soláthair agus an poitéinseal go dtiocfaidh méadú breise ar leibhéil phraghsanna, chomh maith le laghdú ar ghníomhaíocht eacnamaíoch agus leibhéal caiteachais na dtomhaltóirí.

**Téarnamh Geilleagrach**

Tá geilleagar na hÉireann ag teacht chuige féin ón tionchar diúltach eacnamaíoch ó COVID-19. Baineann an príomhthionchar ar Iarnród Éireann le leibhéil leanúnacha d'aistir laghdaithe paisinéirí, ach tá gníomhaíochtaí tráchtála tar éis filleadh ar leibhéil réamhphaindéime. Is féidir na príomhchinnteachtaí atá ag Iarnród Éireann a achoimriú mar seo a leanas:

- Beidh easnamh suntasach in ioncam paisinéirí in 2022 a éileoidh cistiú breise ó NTA cosúil leis an maoiniú a sholáthraítear in 2021. Ón 1 Eanáir 2023 oibreoidh Iarnród Éireann faoi chonradh comhlán OSP.
- An bealach chun téarnaimh ó phaindéim COVID -19 a fhágann nach mbeidh CIÉ in ann Litir Tacaíochta a sholáthar do IÉ.

## 2 Gnóthas Leantach (ar lean)

### Stad Airgeadais (ar lean)

- Laghdú ar mhaoiniú ón Státchiste faoi bhun na leibhéal riachtanach chun a chumasú do IÉ ceanglais chonarthacha OSP agus IMMAC a chomhlíonadh.

**Conarthaí Dírdhámhachtana OSP Bhus Éireann**

Le linn 2019 bhronn an Údarás Náisiúnta Iompair conradh dírdhámhachtana deich mbliana ar Iarnród Éireann. Bhí an Cuideachta ag feidhmiú ar bhonn conartha glanchostais agus ar bhonn conartha ollchostais do 2021 agus déanfar an rud céanna arís I 2022. Faoi bhun chonartha ollchostais tá freagracht ioncaim ar an NTA. Íocfaidh an ÚNI as na costais ollmhóra a bhaineann leis na seirbhísí conarthacha a sholáthar.

**Bliain Airgeadais 2022**

Lean Iarnród Éireann ag oibriú seirbhísí OSP de réir na Conarthaí dírdhámhachtana le linn 2022 ina gconaíonn an cuideachta ioncaim bosca tháille agus solathraíodh maoiniú OSP le costais seirbhísí riachtanacha ach neamhbhrabúsach a íoc. Aithnítear i mBuiséad 2022, agus é ag súil le téarnamh suntasach ar ioncam pso in 2021, go bhfanfaidh sé seo i bhfad faoi bhun na leibhéal réamhphaindéime. Thug an an NTA agus an Roinn Iompair le fios go gcuirfidh maoiniú breise atá riachtanach ar fáil le leanúnacht na seirbhísí ríthábhactacha seo a chinntiú.Ba mhaith leis na Stiúthóirí an tacaíocht maoinithe Stáitchiste breise a fuarthas ón NTA agus an Státchiste ó thús na paindéime a chumasaigh oibriú leanúnach seirbhísí iompair poiblí riachtanacha a aithint.

Táthar ag súil go leanfaidh na gníomhaíochtaí tráchtála ar aghaidh leis an téarnamh láidir a chonacthas in 2021.

**Bliain Airgeadais 2023**

Feidhmeoidh an cuideachta ar bhonn conartha ollchostais OSP i 2023.I gcainteanna le IÉ, thug an NTA le fios go leanfaidh siad le maoiniú IÉ, ag brath ar athbhreithniú rathúil idir an dá phairtí.

Is phríomhghné í macnamh ar an tuairim go gcuirfidh maoiniú OSP ag leibhéal cuí a sholáthair i 2022 i measúnacht na Stiúrthóirí ar stad airgeadais na Cuideachta. Tá na Stiúrthóirí sásta:

- go bhfanann sé mar chuspóir ag an NTA Iarnród Éireann a mhaoiniú le ligean do na seirbhsí OSP iarrtha a oibriú; go gheobhaidh an NTA go leor maoiniú ón Státchiste le Conradh OSP Iarnród Éireann a mhaoiniú.

Rinne na Stiúrthóirí macnamh ar an eolas cuí ar fad le cinneadh a dhéanamh faoi réasúntacht a gconclúid i dtaca le soláthar maoiniú mar sin. Bhí macnamh ar rannpháirtíocht bainistíocht le príomhsheallbhóirí, chomh maith le gach eolas cuí ar fáil go poiblí.

**Gníomhaíochtaí tráchtála**

Táthar ag súil go dtabhóidh an gnó barrachas i 2022 agus 2023 agus tá na stiúrthóirí sásta, nach bhfuil ceist gnóthas leantach don chuideachta.

**Gníomhaíochtaí Bainistíochta Leanúnacha**

Leanann bainistíocht Iarnród Éireann ag cur líon gníomhaíochtaí i bhfeidhm, lena n-áirítear:

- rannpháirtíocht leanúnach leis an NTA i dtaca le maoiniú cuí le tacú le hoibríocht leanúnach Conarthaí Dírdhámhachtana OSP
- dianmhonatóireacht ar cheisteanna le tionchar ar Sheirbhísí Trachtála
- dianmhonatóireacht ón bhainistíocht ar staid airgid tirim laethúil, seachtainiúil agus mhíosúil ar fud na Cuideachta
- cuir i bhfeidhm leanúnach agus dianmhonatóireacht ar thionscnaimh sábhála costas
- mionmeasúnuithe ar mholtaí Infheistíochta Caipitiúla agus a éifeacht ar leachtacht
- athbhriethniú leanúnach ar rioscaí agus ar dheiseanna le tionchar acu ar oibríochtaí na Cuideachta

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 2 Gnóthas Leantach (ar lean)

### Stad Airgeadais (ar lean)

**Grúpa CIE**

Tá córas státchiste comhthiomsaithe i bhfeidhm ag Grúpa CIÉ agus braitheann Iarnród Éireann ar áiseann bainc an Ghrúpa lena oibríochtaí a bahinsitiú de réir an plean gnó faofa. Tá tacaíocht leanúnach CIÉ do Iarnród Éireann léirithe sa Litir Thacaíochta ó CIÉ go Iarnród Éireann arna dhátú 6 Aibreán 2022. Luaitear an méid a leanas sa Litir sin "Tá sé fós mar bheartas CIÉ go mbeidh an Chuideachta in ann a cuid dliteanas a shásamh i gcónaí. Leanfaidh CIÉ dá chearta mar scairshealbhóir agus a oibleagáidí reachtúla a chleachtadh d'fhonn a áirithiú go mbainistíonn an Chuideachta a cuid oibríochtaí, i gcomhréir lena pleananna gnó faofa, agus ar bhealach lena gcuirfear ar a cumas a oibleagáidí a chomhlíonadh go tráthúil. Soláthróidh CIÉ an tacaíocht airgeadais is gá chun ligean don Chuideachta leanúint ag oibriú agus a dliteanais a leachtú i ngnáthchúrsa gnó ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad tar éis dáta sínithe na ráiteas airgeadais."

**Buiséad Comhdhlúite Ghrúpa CIÉ**

D'fhaomh Bord CIÉ an bhuiséad comhdhlúite grúpa do 2022 i nDeireadh Fómhair 2021. Cé go bhfuil líon na bpaisinéirí tuartha le fanacht faoi leibhéil 2019 i 2021, bunaithe ar feidhmíocht leanúnach na gconarthaí dírdhámhachta ar an bhun aontaithe, léiríonn an bhuiséad comhdhlúite grúpa do 2022 go bhfuil acmhainní dhóthanacha ag an Chuideachta le leanúint i ngnó ar feadh tréimhse ar a laghad 12 mhí ó dháta faofa na ráitis airgeadais seo.

**Conclúd**

De réir na fachtóirí leagtha amach thuas, tá dóchas réasúnta ag Stiúrthóirí Iarnród Éireann go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an chuideachta le leanúint ag oibriú ar feadh ar laghad 12 mhí ó dháta faofa na ráitis airgeadais agus measann siad go bhfuil sé cuí glacadh leis an bhonn gnóthaigh leantaigh i dtaca le ullmhú na ráitis airgeadais.

## 3. Anailís de réir Rannán ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais

Chinn Iarnród Éireann go bhfuil cúig theascán aige ar ghá tuairisciú a dhéanamh orthu Gnóthas Iarnróid, Bainisteoir Bonneagair Iarnróid, Lasta Iarnróid, Europort Ros Láir agus Gníomhaíochtaí Lárnacha agus Eile. Oibríonn teascán an Ghnóthais Iarnróid gnó na bpaisinéirí faoin gconradh Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a dhámh an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Déanann teascán an Bhainisteora Bonneagair Iarnróid an tsócmhainn bonneagair a bhainistiú, a chothabháil agus a athnuachan, a mhaoinítear ó tháillí Rochtana agus ón gConradh Ilbhliantúil. Soláthraíonn an teascán Lasta Iarnróid seirbhísí iompair chun earraí a iompar d'iarnród. Oibríonn teascán Europort Ros Láir an dara calafort is gnóthaí sa tír ó thaobh gluaiseachtaí loinge de, le haghaidh trácht turasóirí agus lasta aonadaithe. Soláthraíonn teascán na nGníomhaíochtaí Lárnacha agus Eile seirbhísí comhroinnte don eagraíocht agus tá an gnó loingseoireachta ina chuid de sin – lena soláthraítear saoráidí iompair ar bhóthar don mhótarthionscal go príomha.

### (A) Gnóthas Iarnróid

| | 2021<br>€'000 | 2020<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Foinsí ioncaim** | | |
| Ioncam | 102,477 | 103,636 |
| Oibleagáid Seirbhíse Poiblí | 182,191 | 202,348 |
| Cistiú eile ón Stát | 40,447 | 12,670 |
| **Ioncam iomlán** | **325,115** | **318,654** |
| **Costais oibriúcháin** | | |
| Costais phárolla agus costais ghaolmhara | (141,163) | (140,071) |
| Ábhair agus seirbhísí | (79,124) | (73,887) |
| Breosla | (27,659) | (25,867) |
| **Iomlán na gcostas oibriúcháin** | **(247,946)** | **(239,825)** |
| **Barrachas oibriúcháin roimh mhuirir rochtana rianta** | **77,169** | **78,829** |
| Muirear rochtana rianta | (69,734) | (70,111) |
| **TRÚCDA** | **7,435** | **8,718** |
| Costais eisceachtúla | (639) | (26) |
| Dímheas agus amúchadh, glan ar amúchadh deontas caipitiúil | (3,613) | (5,240) |
| **Barrachas roimh ús agus cháin** | **3,183** | **3,452** |
| Ús iníoctha agus muirir dá shamhail | (414) | (452) |
| **Barrachas don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin** | **2,769** | **3,000** |
| Cáin ar an easnamh ar ghnáthghníomhaíochtaí | – | – |
| **Barrachas don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí tar éis cánach** | **2,769** | **3,000** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 3 Anailís de réir Rannán ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais (ar lean)

### (B) Bainisteoir Bonneagair Iarnróid

| | 2021<br>€'000 | 2020<br>€'000 |
|---|---|---|
| Tá costais Rannáin an Bhonneagair Iarnróid ríofa mar seo a leanas de réir Threoir AE 91/440 ón gComhairle: | | |
| **Foinsí ioncaim** | | |
| Conradh Ilbhliantúil | 161,276 | 155,797 |
| Muirir rochtana rianta | 72,366 | 74,170 |
| Ioncam tríú páirtí | 23,783 | 26,360 |
| Deontais Stáitchiste eile | 8,628 | 5,713 |
| **Ioncam iomlán** | **266,053** | **262,040** |
| **Ioncam na gcostas oibriúcháin** | | |
| Costais phárolla agus costais ghaolmhara | (119,417) | (117,056) |
| Ábhair agus seirbhísí | (141,474) | (137,773) |
| Breosla | (133) | (75) |
| **Iomlán na gcostas oibriúcháin** | **(261,024)** | **(254,904)** |
| **TRÚCDA** | **5,029** | **7,136** |
| Míreanna eisceachtúla | (538) | (502) |
| Dímheas agus amúchadh, glan ar amúchadh deontas caipitiúil | (3,915) | (3,695) |
| Caillteanas ar dhíol sócmhainní seasta inláimhsithe | (130) | – |
| **Barrachas roimh ús agus cháin** | **446** | **2,939** |
| Ús iníoctha agus muirir dá shamhail | (466) | (397) |
| **(Easnamh)/Barrachas don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin** | **(21)** | **2,542** |
| Cáin ar an bharrachas/(easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí | (832) | – |
| **(Easnamh)/Barrachas don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí tar éis cánach** | **(853)** | **2,542** |

# 3 Anailís de réir Rannán ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais (ar lean)

## (C) Rannán Iastais Iarnróid

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam | 3,619 | 3,818 |
| Maoiniú Státchiste eile | 21 | 20 |
| **Ioncam iomlán** | **3,640** | **3,838** |
| **Costais oibriúcháin** | | |
| Costais phárolla agus costais ghaolmhara | (924) | (987) |
| Ábhair agus seirbhísí | (1,939) | (2,316) |
| Breosla | (341) | (430) |
| **Costais oibriúcháin** | **(3,204)** | **(3,733)** |
| **Barrachas oibriúcháin don bhliain airgeadais roimh mhuirir rochtana rianta** | **436** | **105** |
| Muirir rochtana rianta | (2,632) | (4,059) |
| **TRÚCDA** | **(2,196)** | **(3,954)** |
| **Dímheas** | **(1)** | **(1)** |
| Brábús ar díol sócmhainní seasta inláimhsithe | 23 | – |
| **Easnamh roimh ús agus cháin** | **(2,174)** | **(3,955)** |
| Ús iníoctha agus muirir dá shamhail | (12) | (10) |
| **Easnamh don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin** | **(2,186)** | **(3,965)** |
| Cáin ar an easnamh ar ghnáthghníomhaíochtaí | – | – |
| **Easnamh don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí tar éis cánach** | **(2,186)** | **(3,965)** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 3 Anailís de réir Rannán ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais (ar lean)

### (D) Rannán Europort Ros Láir

| | 2021<br>€'000 | 2020<br>€'000 |
|---|---|---|
| Ioncam | 9,919 | 7,134 |
| Deontais Stáitchiste eile | 695 | 458 |
| **Ioncam iomlán** | **10,614** | **7,592** |
| | | |
| **Costais oibriúcháin** | | |
| Costais phárolla agus costais ghaolmhara | (4,885) | (4,890) |
| Ábhair agus seirbhísí | (3,407) | (1,703) |
| **Iomlán na gcostas oibriúcháin** | **(8,292)** | **(6,593)** |
| **TRÚCDA** | **2,322** | **999** |
| Dímheas glan ar dheontais chaipitiúla amúchta | (1,325) | (1,342) |
| Brábús ar díol sócmhainní seasta inláimhsithe | 25 | – |
| **(Easnamh)/Barrachas roimh ús agus cháin** | **1,022** | **(344)** |
| Ús iníoctha agus muirir dá shamhail | (74) | (57) |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin** | **948** | **(400)** |
| Cáin ar an mbarrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí | (11) | – |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí tar éis cánach** | **937** | **(400)** |

## 3 Anailís de réir Rannán ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais (ar lean)

### (E) Gníomhaíochtaí Láir agus Gníomhaíochtaí Eile

| | 2021<br>€'000 | 2020<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Foinsí ioncaim** | | |
| Ioncam tríú páirtí | 4,278 | 2,730 |
| Maoiniú Stáitchiste eile | 657 | 1,465 |
| **Ioncam iomlán** | **4,935** | **4,195** |
| **Costais oibriúcháin** | | |
| Costais phárolla agus costais ghaolmhara | (13,931) | (11,350) |
| Ábhair agus seirbhísí | 10,606 | 8,671 |
| **Iomlán na gcostas oibriúcháin** | **(3,325)** | **(2,679)** |
| **TRÚCDA agus míreanna eisceachtúla** | 1,610 | 1,516 |
| Míreanna eisceachtúla | (50) | 3 |
| Dímheas | (212) | (143) |
| **Barrachas roimh ús agus cháin** | **1,348** | **1,376** |
| Ús | (234) | (81) |
| Cáin ar an mbarrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí | – | – |
| **Barrachas don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí tar éis cánach** | **1,114** | **1,295** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 3 Anailís de réir Rannán ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais (ar lean)

### (F) Cistiú ón Stát agus ón Aontas Eorpach

**An Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (OSP)**

Gach bliain, soláthraítear cistiú do sheirbhísí iompair phoiblí in Éirinn atá riachtanach i dtaobh na gné sóisialta ach nach bhfuil inmharthana ó thaobh airgeadais, ar a dtugtar seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP), faoi chonradh leis an Údarás Náisiúnta Iompair ('an tÚdarás').

Bronnadh an dírdhámhacht nua ar IÉ ar feadh 10 mbliana go Nollaig 2029. Faoi théarmaí an chonartha, déanfaidh an NTA agus IÉ athbhreithniú ar agus comhaontú faoi chaighdeáin fheidhmiúcháin ar bhonn bliantúil. Déanfar iniúchadh ar IÉ ar son an NTA gach bliain, tar éis soláthar cuntais inúchta IÉ.

Féadfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair athbhreithniú a dhéanamh tráth ar bith ar inneachar na gconarthaí agus ar an mbunús lena gcoimeád ar bun, i gcomhairle leis an gCuideachta ábhartha. Ní mór athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar an gconradh ag deireadh gach tréimhse cúig nó 10 mbliana (mar is cuí), áfach.

Comhlíonann na conarthaí na critéir atá leagtha síos faoi láthair sa dlí AE: tá dianchaighdeáin leagtha síos iontu i dtaobh feidhmíocht oibriúcháin agus seirbhís do chustaiméirí agus tá pionóis leagtha síos i leith neamh-chomhlíonadh. Is é an riachtanas conartha go ndéantar tuairisciú féintuarascála ar feidhmiúchán ar bhonn tréimhsiúil. Déanann an tÚdarás Náisiúnta Iompair monatóireacht ar an bhfeidhmíocht i leith chonradh gach oibreora OSP ar bhonn ráithiúil.

**Conradh Ilbhliantúil**

Tá bainistíocht bhonneagair Iarnród Éireann cistithe faoi rialachán AE trí Chonradh Ilbhliantúil cúig bliana leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus trí mhuirir rochtana rianta agus stáisiún ó sheirbhísí iarnróid do phaisinéirí agus ó sheirbhísí iarnróid lastais.

Cuireadh tús le Conradh Ilbhliantúilar 1 Eanáir 2020 a bhfuil tréimhse cúig bliana aige go dtí an 31 Nollaig 2024.

Tá an conradh sin idir Iarnród Éireann agus an tAire déanta de bhun Threoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012, Threoir 2001/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2001, Alt 45 den Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bonneagar Iarnróid) (I.R. Uimh. 55 de 2010).

Tá muirir i dtaca le soláthar an bhonneagair iarnróid ag an mBainisteoir Bonneagair iníoctha ag an Aire leis an mBainisteoir Bonneagair roimh ré ar bhonn míosúil.

Tá sonraí an chistithe a fuarthas sa bhliain leagtha amach thíos.

| | OSP 2021 | Conartha Ilbhliantúla Bonneagair 2021 | Eile 2021 | Iomlán 2021 |
|---|---|---|---|---|
| *Luaite sa chuntas brabúis agus caillteanais le:* | | | | |
| Oibríochtaí Iarnróid | 182,191 | – | 40,447 | 222,638 |
| Bonneagar | – | 161,276 | 8,628 | 169,904 |
| Gníomhaíochtaí eile | – | – | 1,374 | 1,374 |
| | **182,191** | **161,276** | **50,449** | **393,916** |

# 3 Anailís de réir Rannán ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais (ar lean)

## (F) State and EU Funding (ar lean)

### Multi Annual Contract (MAC) (ar lean)

| | OSP 2021 | Conartha Ilbhliantúla Bonneagair 2021 | Eile 2021 | Iomlán 2021 |
|---|---|---|---|---|
| *Foinsí* | | | | |
| Deontais stáit – OSP | 182,191 | – | – | 181,751 |
| Deontais stáit – conradh ilbhliantúil | – | 161,276 | – | 161,276 |
| Deontais stáit – eile | – | – | 50,449 | 50,449 |
| | **182,191** | **161,276** | **50,449** | **393,916** |

| | OSP 2020 | Conartha Ilbhliantúla Bonneagair 2020 | Eile 2020 | Iomlán 2020 |
|---|---|---|---|---|
| *Luaite sa chuntas brabúis agus caillteanais le:* | | | | |
| Oibríochtaí Iarnróid | 202,348 | – | 12,670 | 215,018 |
| Bonneagar | – | 155,797 | 5,713 | 161,510 |
| Gníomhaíochtaí eile | – | – | 1,942 | 1,942 |
| | **202,348** | **155,797** | **20,325** | **378,470** |
| *Foinsí* | | | | |
| Deontais stáit – OSP | 202,348 | – | – | 202,348 |
| Deontais stáit – conradh ilbhliantúil | – | 155,797 | – | 155,797 |
| Deontais stáit – eile | – | – | 20,325 | 20,325 |
| | **202,348** | **155,797** | **20,325** | **378,470** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 3 Anailís de réir Rannán ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais (ar lean)

### (G) Barrachas/(Easnamh) Glan de réir Gníomhaíochta roimh Cháin

| | Gnóthas Iarnróid €'000 | Bainisteoir Bonneagair €'000 | Lastas Iarnróid €'000 | Gníomh-aíochtaí Tráchtála Eile €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **2021** | | | | | |
| Ioncam | 102,477 | 96,149 | 3,619 | 14,196 | 216,441 |
| Fáltais ón OSP | 182,191 | – | – | – | 182,191 |
| Deontais eile ón státchiste | 40,447 | 169,904 | 21 | 1,353 | 211,725 |
| Costais | (322,346) | (266,074) | (5,826) | (13,487) | (607,733) |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain** | **2,769** | **(21)** | **(2,186)** | **2,062** | **2,624** |
| **2020** | | | | | |
| Ioncam | 103,636 | 100,530 | 3,818 | 9,864 | 217,848 |
| Fáltais ón OSP | 202,348 | – | – | – | 202,348 |
| Deontais eile ón státchiste | 12,670 | 161,510 | 20 | 1,922 | 176,122 |
| Costais | (315,654) | (259,498) | (7,803) | (10,891) | (593,846) |
| **(Easnamh)/barrachas don bhliain** | **3,000** | **2,542** | **(3,965)** | **895** | **2,472** |

## 4 Clár Comhardaithe de réir Gnó

Leagtar amach clár comhordaithe gach teascáin amhail an 31 Nollaig 2020 sa chuid seo a leanas. Léirítear le hiarmhéideanna gnó Idir IÉ na méideanna atá iníoctha agus infhála idir gach teascán. Tuairiscítear an t-iarmhéid idirchuideachtaí le cuideachta shealbhaíochta CIÉ in iarmhéid na bhféichiúnaithe ar chlár comhardaithe na nGníomhaíochtaí lárnacha agus eile.

### (A) Gnóthas Iarnróid

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | |
| Sócmhainní doláimhsithe | 8,425 | 12,097 |
| Sócmhainní inláimhsithe | 367,909 | 457,184 |
| | **376,334** | **469,281** |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Stoic | 32,221 | 32,850 |
| Féichiúnaithe | 198,546 | 4,183 |
| Gnó Idir IÉ | 11,854 | 25,994 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 239 | 74 |
| | **242,860** | **63,101** |
| **Creidiúnaithe** (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin) | | |
| Ioncam iarchurtha | (86,230) | (88,847) |
| Creidiúnaithe eile | (227,235) | (53,517) |
| | **(313,465)** | **(142,364)** |
| **Glandliteanas Reatha** | **(70,605)** | **(79,263)** |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha** | **305,729** | **390,018** |
| Ioncam iarchurtha | (280,540) | (367,552) |
| Soláthairtí le haghaidh dliteanas agus muirear | (30,396) | (30,443) |
| **Glandliteanas** | **(5,207)** | **(7,977)** |
| **Cúlchistí** | | |
| Cuntas Brabús agus caillteanas | (5,207) | (7,977) |
| **Iomlán Cúlchistí** | **(5,207)** | **(7,977)** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 4 Clár Comhardaithe de réir Gnó (ar lean)

### (B) Bainisteoir Bonneagair Iarnróid

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | |
| Sócmhainní doláimhsithe | 526 | 781 |
| Sócmhainní inláimhsithe | 1,215,672 | 1,203,845 |
| | **1,216,198** | **1,204,626** |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Stoic | 29,174 | 22,468 |
| Féichiúnaithe | 26,578 | 13,215 |
| | **55,752** | **35,683** |
| **Creidiúnaithe** (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin) | | |
| Gnó Idir IÉ | 7,628 | (27,867) |
| Ioncam iarchurtha | (70,932) | (75,956) |
| Creidiúnaithe eile | (113,448) | (58,747) |
| | **(176,752)** | **(162,570)** |
| **Glandliteanas Reatha** | **(121,000)** | **(126,887)** |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha** | **1,095,198** | **1,077,739** |
| Ioncam iarchurtha | (1,101,251) | (1,081,947) |
| Soláthairtí le haghaidh dliteanas agus muirear | (20,199) | (21,191) |
| **Glandliteanas** | **(26,252)** | **(25,399)** |
| **Cúlchistí** | | |
| Cuntas Brabús agus caillteanas | (26,252) | (25,399) |
| **Iomlán Cúlchistí** | **(26,252)** | **(25,399)** |

## 4 Clár Comhardaithe de réir Gnó (ar lean)

### (C) Rannán Lastais Iarnróid

| | 2021<br>€'000 | 2020<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | |
| Sócmhainní dholáimhsithe | 92 | 3 |
| | **92** | **3** |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Féichiúnaithe | 556 | 591 |
| | **556** | **591** |
| **Creidiúnaithe** (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin) | | |
| Gnó Idir IÉ | (15,360) | (13,035) |
| Creidiúnaithe eile | (106) | (193) |
| | **(15,466)** | **(13,228)** |
| **Glandliteanais reatha** | **(14,909)** | **(12,637)** |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha** | **(14,817)** | **(12,634)** |
| Soláthairtí le haghaidh dliteanas agus muirear | (140) | (138) |
| Ioncam iarchurtha | (1) | – |
| **Glandliteanas** | **(14,958)** | **(12,772)** |
| **Cúlchistí** | | |
| Cuntas Brabús agus caillteanas | (14,958) | (12,772) |
| **Iomlán Cúlchistí** | **(14,958)** | **(12,772)** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 4 Clár Comhardaithe de réir Gnó (ar lean)

### (D) Rannán Europort Ros Láir

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | |
| Sócmhainní dholáimhsithe | 34 | 67 |
| Sócmhainní inláimhsithe | 29,960 | 31,047 |
| | **29,994** | **31,114** |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Féichiúnaithe | 519 | 1,549 |
| Gnó Idir IÉ | 64,997 | 62,611 |
| | **65,516** | **64,160** |
| **Creidiúnaithe** (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin) | | |
| Ioncam iarchurtha | (310) | (311) |
| Creidiúnaithe eile | (367) | (832) |
| | **(677)** | **(1,143)** |
| **Glansócmhainní Reatha** | **64,839** | **63,017** |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha** | **94,833** | **94,131** |
| Ioncam iarchurtha | (6,814) | (7,112) |
| Soláthairtí le haghaidh dliteanas agus muirear | (980) | (916) |
| **Glansócmhainní** | **87,039** | **86,103** |
| **Cúlchistí** | | |
| Cuntas Brabús agus caillteanas | 87,039 | 86,103 |
| **Iomlán Cúlchistí** | **87,039** | **86,103** |

# 4 Clár Comhardaithe de réir Gnó (ar lean)

## (E) Gníomhaíochtaí Láir agus Gníomhaíochtaí Eile

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2,924 | 1,870 |
| Sócmhainní inláimhsithe | 432 | 388 |
| | **3,356** | **2,258** |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Féichiúnaithe | 103,245 | 77,686 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 506 | 353 |
| Gnó Idir IÉ | – | – |
| | **103,751** | **78,039** |
| **Creidiúnaithe** (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin) | | |
| Gnó Idir IÉ | (69,119) | (47,703) |
| Ioncam iarchurtha | (160) | (143) |
| Creidiúnaithe eile | (21,763) | (17,005) |
| | **(91,042)** | **(64,851)** |
| **Glansócmhainní Reatha** | **12,709** | **13,188** |
| **Sócmhainní Iomlána Iúide Dliteanais Reatha** | **16,065** | **15,446** |
| **Creidiúnaithe (méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)** | | |
| Soláthairtí le haghaidh dliteanas agus muirear | (8,525) | (8,908) |
| Ioncam iarchurtha | (2,382) | (2,494) |
| **Glansócmhainní** | **5,158** | **4,044** |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | |
| Scairchaipiteal glaoite | 194,270 | 194,270 |
| Cuntas Brabús agus caillteanas | (189,111) | (190,226) |
| **Iomlán caipiteal gnáthscaireanna** | **5,158** | **4,044** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 5 Costais Phárolla agus Costais Ghaolmhara

### (i) Fostaithe

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Costais foirne (gan costais athstruchtúraithe san áireamh)** | | |
| Pá agus tuarastail | 231,521 | 224,417 |
| Lamháltais | 14,333 | 13,011 |
| Ragobair | 5,845 | 5,116 |
| Costais leasa shóisialaigh | 24,460 | 23,703 |
| Costais eile sochar scoir | 29,258 | 28,952 |
| **Ollchostais foirne** | **305,417** | **295,199** |
| Lúide: obair dhílis chaipitlithe | (25,258) | (21,012) |
| **Glanchostais foirne** | **280,159** | **274,187** |

### (ii) Luach Saothair na Stiúrthóirí

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| – i leith seirbhísí i gcáil stiúrthóra | 94 | 97 |
| – i leith seirbhísí feidhmiúcháin | 67 | 69 |
| | **161** | **166** |
| **Iomlán na dtuarastal agus na gcostas gaolmhar** | **280,320** | **274,353** |

As na costais iomlána i leith na foirne, tá €25m (2020: €21m) caipitlithe ina sócmhainní seasta inláimhsithe agus €280.2m (2020: €274.2m) á áireamh mar chostas sa chuntas brabúis agus caillteanais.

D'fhabhraigh sochair scoir chuig stiúrthóir amháin faoi scéim sochair shainithe agus ba é an muirear don bhliain i leith ranníocaíochtaí na Cuideachta ná €3,940 (2020: €3,427).

Folaítear i gcostais phárolla agus costais bhainteacha do ról an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin sa tuarastal comhlán €225,000 (2019: €225,000), ranníocaíocht pinsin fostóra 25% (2020: 25%) agus gluaisteáin cuideachta (2020: Gluaisteáin Cuideachta).

## 5 Costais Phárolla agus Costais Ghaolmhara (ar lean)

### (ii) Luach Saothair na Stiúrthóirí (ar lean)

Ba iad seo a leanas na táillí a íocadh leis na stiúrthóirí nó is iníoctha leo as seirbhísí i gcáil stiúrthóirí:

### Stiúrthóir

| | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| An tUasal F. Allen | 21,600 | 21,600 |
| S. Byrne Uasal | 12,600 | 12,600 |
| C. Griffiths Uasal | 11,741 | 12,600 |
| An tUasal M. McGreevy | 10,500 | 12,600 |
| V. Little Uasal | 12,600 | 12,600 |
| An Dochtúir P. Mulholland | 12,600 | 12,600 |
| S. Roarty Uasal | 12,600 | 12,600 |
| **Iomlán** | **94,241** | **97,200** |

**Íocadh na speansais seo a leanas leis na stiúrthóirí:**

| | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| Cothabháil agus Cóiríocht | 315 | 315 |
| Eile | 1,026 | 1,026 |
| **Iomlán** | **1,341** | **1,341** |

### (iii) Cúiteamh an bPríomhlucht Bainistíochta

Áirítear leis an bpríomhlucht bainistíochta na stiúrthóirí agus an lucht ardbhainistíochta. Léirítear thíos an cúiteamh a íocadh agus is iníoctha leis an bpríomhlucht bainistíochta as ucht seirbhísí fostaithe:

| | 2021<br>€'000 | 2020<br>€'000 |
|---|---|---|
| Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha eile | 2,019 | 1,846 |
| Sochair iarfhostaíochta | 250 | 219 |
| **Cúiteamh iomlán an bpríomhlucht bainistíochta** | **2,269** | **2,065** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 5 Costais Phárolla agus Costais Ghaolmhara (ar lean)

### (iv) Baill Foirne

Seo a leanas meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe i rith na bliana agus ag deireadh na bliana de réir gníomhaíochta:

| | Líon na mBall Foirne | | Líon na mBall Foirne | |
|---|---|---|---|---|
